2026

**Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca**

**agus**

**Beartais agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí**

Baineann an cháipéis seo le gach ball foirne, bainistíocht, teagascóirí, oibrithe deonacha, conraitheoirí neamhspleácha agus aon duine eile a fhostaíonn Ealaín na Gaeltachta chun oibriú leis an eagraíocht.

## Clár


Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca ........................................ 3

Ár dtiomantas chun Leanaí a Chosaint ó Dhíobháil ........................................ 4

Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí ........................................ 6

Cuir i bhfeidhm agus Athbhreithniú ........................................ 12

Beartais agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí ........................................ 13

1. Suíomhanna ........................................ 13
2. Cosaint Leanaí ........................................ 13
3. Ag déileáil le hamhras faoi dhrochúsáid leanaí ........................................ 14

Comharthaí mí-úsáide a thabhairt faoi deara ........................................ 15

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 .... 18

Ag déileáil le nochtadh faisnéise ó dhuine fásta maidir le drochúsáid atá ag dul siar píosa fada ........................................ 18

4. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ........................................ 18

Dualgais ........................................ 18

Eolas do thuismitheoirí/do chaomhnóirí maidir le cosaint leanaí ........................................ 19

5. Líomhaintí drochúsáide i leith Baill Foirne ........................................ 20
6. Rúndacht/ Cosaint Sonraí ........................................ 21

7. Cód Iompraíochta idir Oibrithe Leanaí/ Daoine Óga ........................................ 22
Dea-chleachtas .................................................................................................... 23
8. Polasaí Bulaíochta ............................................................................................. 25
Sainmhíniú ............................................................................................................ 25
Nósanna Imeachta ................................................................................................ 26
Iarchúram agus taifeadadh .................................................................................. 28
9. Beartas Gearáin ................................................................................................. 28
Nósanna Imeachta ................................................................................................ 28
Taifead ar Ghearáin agus Rúndacht ..................................................................... 29
Gearán maidir le Cosaint Leanaí .......................................................................... 29
Gearáin lasmuigh de na treoracha seo: ............................................................... 29
10. Beartas Timpistí agus Eachtraí ......................................................................... 30
Nósanna Imeachta Ginearálta .............................................................................. 30
Nós Imeachta i gcás timpiste nó eachtra ............................................................. 31
Gortuithe Tromchúiseacha ................................................................................... 32
Déileáil le heachtraí idirdhealaitheacha ............................................................... 33
11. Beartas idirlín, grianghraif/ físeáin a ghlacadh de leanaí/daoine óga .................... 34
Na Rioscaí ............................................................................................................. 34
Treoirlínte ............................................................................................................. 34
12. Earcaíocht ......................................................................................................... 35
13. Beartas Grinnfhiosrúcháin ................................................................................. 37
An Reachtaíocht .................................................................................................... 37
Cleachtas na hEagraíochta ................................................................................... 38
Ag déileáil le nochtuithe ....................................................................................... 38
14. Measúnú Riosca agus Sláinte agus Sábháilteacht ............................................ 39
Ráiteas Sábháilteachta ......................................................................................... 40
Cúrsaí Sláinte ....................................................................................................... 40
Ag úsáid foirgneamh .............................................................................................. 40
Dea-chleachtas maidir le bheith ag obair le heagraíochtaí eile ........................... 40
15. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí (Príomhchúramóirí) ....................... 41
Athbhreithniú Polasaithe agus Nósanna Imeachta i bhfeidhm ................................ 41
Aguisín 1: Sainmhíniú ar Drochúsáid Leanaí ........................................................ 43

Faillí ........ 43
Drochúsáid mhothúchánach ........ 44
Drochúsáid chorpartha ........ 45
Drochúsáid ghnéasach ........ 46
Bulaíocht ........ 47
Aguisín 2: Sonraí Teagmhála TUSLA ........ 49
Aguisín 3: Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí ........ 50
Aguisín 4: Foirm Ábhar Imní ........ 60
Aguisín 5: Dualgais a bhaineann le baill nua foirne ........ 62
Aguisín 6: Dearbhú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, Beartais agus Nósanna Imeachta ........ 63
Aguisín 7: Foirm Thuairisce ar Thimpiste/Eachtra ........ 64
Aguisín 8: Ábhair an Bhosca Gharchabhraigh ........ 65
Aguisín 9: Foirm Ghearáin ........ 67
Aguisín 10: Foirm Riosca a aithint ........ 68
Aguisín 11: Dlíthe a bhaineann le Cosaint an Linbh ........ 70

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca

**Ainm na hEagraíochta:** **Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**

**Seoladh:** **Na Forbacha**

**Údarás na Gaeltachta**

**Co. na Gaillimhe**

**Baill na Foirne:** Rachel Holstead (Príomhfheidhmeannach), Freda Nic Giolla Chatháin (Oifigeach Forbartha Ealaíon don Óige), Máire Ní Thuathail (Oifigeach Ealaíon don Óige - Clár Chonamara & Árainn sna hEalaíona Dúchasacha don Óige), Bernie Ní Mhuircheartaigh (Oifigeach Ealaíon don Óige), Róisín Ní Mhocháin (Cúntóir Riaracháin), teagascóirí & cúntóirí ranga.

Cuireann Ealaín na Gaeltachta forbairt na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha chun cinn sna Gaeltachtaí. Tá Ealaín na Gaeltachta maoinithe ag Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Tá an Clár sna hEalaíona Dúchasacha agus sa Drámaíocht don Óige maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Cuireann Ealaín na Gaeltachta seirbhísí agus scéimeanna deontais ar fáil a thacaíonn le forbairt eagraíochtaí ealaíon agus le healaíontóirí aonaracha. Cuidímid le tacaíocht oiliúna agus mheantóireachta a chur ar fáil, chomh maith le tacú le tionscnaimh a chabhraíonn le cumas agus infreastruchtúr na n-ealaíon sa Ghaeltacht a thógáil agus a neartú.

Tríd an gclár sna healaíona dúchasacha don óige i gConamara agus Árainn, cuirtear réimse leathan ranganna ceoil, damhsa agus amhránaíocht ar an sean-nós ar siúl, chomh maith le ranganna sna healaíona béil, i rith agus i ndiaidh am scoile. Reáchtáiltear na ranganna sna scoileanna laistigh d'uaireanta scoile agus i scoileanna agus ionaid phobail i ndiaidh am scoile.

- Tá suas le 2,600 leanbh/duine óg ag freastal ar an gclár oiliúna sna healaíona dúchasacha atá á chur ar fáil ag Ealaín na Gaeltachta in 30 ionad éagsúla.
- Tá thart ar 25 ball foirne páirteach i riar na seirbhíse seo go díreach.

Cuireann Ealaín na Gaeltachta tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí sna Gaeltachtaí eile chomh maith chun a mhacasamhail de chláir a chur i bhfeidhm, mar aon le gníomhaíochtaí forbartha eile a bhaineann le na healaíona don óige.

## Ár dtiomantas chun Leanaí a Chosaint ó Dhíobháil

Ciallaíonn 'díobháil' i ndáil le leanbh:

- ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh i leanbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go mór orthu, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh nó (b) mí-úsáid ghnéasach, cibé acu an bhfuil sé mar thoradh ar ghníomh aonair, nó meascán de ghníomhaíochtaí, nó cúinsí, is cúis léi

Maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo, deimhníonn Ealaín na Gaeltachta go bhfeidhmeoimid dá réir agus go gcuirfear i bhfeidhm é ina iomláine, gan leasú. De réir riachtanais an ***Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta Um Chosaint agus Leasa Leanaí: Treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt (www.TUSLA.ie)***:

Tá muid tiomanta do chur chuige atá iomlán dírithe ar an leanbh/duine óg a chur i bhfeidhm i ngach teagmháil a bhíonn againn le leanaí agus le daoine óga. Cuireann muid timpeallacht agus eispéiris shábháilte ar fáil, áit a gcinntíonn muid go mbíonn leas an linbh/duine óig chun cinn i gcónaí.

**Déanfaidh Ealaín na Gaeltachta an méid seo a leanas:**

- Comhlíonfaidh siad go hiomlán, a n-oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus comhlíonfaidh siad reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus le leas leanaí;
- Aithneoidh siad go bhfuil cosaint agus leas leanaí fíorthábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- Admhóidh siad go bhfuil sé de cheart ag leanaí go léireofaí meas orthu, go n-éistfí leo agus go gcuirfí a dtuairimí féin san áireamh;
- Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA) a bheith ceaptha chun a chinntiú go gcloífear le nósanna imeachta maidir le hábhair imní faoi chosaint a thuairisciú chuig TUSLA, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, NÓ an Garda Síochána, lena n-áirítear i gcás iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin ***Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015***;

| | |
|---|---|
| **Máire Ní Thuathail**<br>**087 7806007** | **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)** |
| **Freda Nic Giolla Chatháin**<br>**085 8512617** | **Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)** |
| **Rachel Holstead** | **Duine Ábhartha** |

| 087 2310300 | |
|---|---|

| |
|---|
| **Faoi réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine áirithe ábhair imní faoi chosaint leanaí atá ag tairseach díobhála (mar atá sainmhínithe san Acht) nó os a cionn, a thuairisciú chuig TUSLA. Tagraítear do dhaoine dá leithéid mar "dhaoine sainordaithe" - duine atá fostaithe mar gheall ar a cháilíochtaí / nó a ról fostaíochta. Tá dualgas ar dhaoine sainordaithe:**<br><br>**1. Díobháil do leanaí atá os cionn tairsí sainithe a thuairisciú do TUSLA.**<br>**2. Cuidiú le TUSLA má iarrtar é, chun measúnú a dhéanamh ar imní a tháinig faoi réir tuairisce sainordaithe.**<br>**Déanfaidh daoine sainordaithe tuairisc chosanta leanaí chuig TUSLA, in éineacht leis an Duine idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)** |

**Déanann Ealaín na Gaeltachta na nithe seo a leanas:**

- Nósanna imeachta maidir le líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair i gcoinne oibrithe/oibrithe deonacha ar leanbh/duine óg a bheidh ag obair do Ealaín na Gaeltachta a bhainistiú
- Nósanna imeachta i leith earcú nó roghnú foirne d'aon phost a bhaineann le hobair le leanaí agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí a chomhlíonadh;
- Nósanna imeachta le riachtanais grinnfhiosrúcháin reachtúla an _Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016_;
- Nós imeachta maidir le heolas agus oiliúint i gcosaint leanaí a chur ar fáil don fhoireann, ina n-áirítear conas dochar do leanaí a aithint. Tá clár ríomhfhoghlama *Tús Áite do Leanaí* TUSLA déanta ag gach duine ábhartha;
- Nós imeachta chun taifead ar chosaint leanaí a choinneáil agus a thuairisciú;
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- Meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus iad ag plé le cúrsaí um chosaint leanaí
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí
- Glacadh le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí / daoine óga a laghdú agus chun oibrithe a chosaint ar bhaoil

neamhriachtanacha a d'fhágfadh go ndéanfaí líomhaintí mí-úsáide nó faillí ina gcoinne

- Maidir le haon bhall foirne atá ina (h)ábhar fiosrúcháin (pé cur síos a dhéantar air) maidir le haon ghníomh, le haon neamhghníomh, nó le haon chás, maidir le haon leanbh/duine óg atá ag freastal ar an tseirbhís, cloíonn Ealaín na Gaeltachta leis nósanna imeachta na heagraíochta
- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn Ealaín na Gaeltachta le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin reachtúla an *Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016*
- Forbróidh Ealaín na Gaeltachta nósanna imeachta le freagra a thabhairt ar ghearáin;

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

De réir an *Achta um Thús Áite do Leanaí 2015*, tar éis measúnú riosca a dhéanamh ar an mbaol go ndéanfaí díobháil do leanaí/daoine óga agus iad ag freastal ar an tseirbhís nó ag glacadh páirte in imeachtaí agus iad ag freastal ar aon cheann de na seirbhísí a bhíonn á gcur ar fáil ag Ealaín na Gaeltachta, tá measúnú scríofa, a leagann amach na réimsí riosca aitheanta agus na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

Seo thíos liosta de na réimsí riosca a aithníodh agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú:

| Riosca aitheanta | Cúiseanna | Nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca a aithint agus a bhainistiú |
|---|---|---|
| **Díobháil ag tarlú, mí-úsáid lena n-áirítear**<br>• **Faillí**<br>• **Díobháil mhothúchánach**<br>• **Ionsaí fisiciúil**<br>• **Mí-úsáid gnéis**<br>**do leanaí / daoine óga, daoine leochaileacha ón bhfoireann/oibrí deonach nó aon duine atá ag obair go díreach le leanaí.** | ➢ **Ní aithníonn an fhoireann an díobháil NÓ níl siad ag cloí leis an oibleagáid reachtúil atá orthu.**<br>➢ **Gan comharthaí comhsheasmhacha a thaifeadadh.**<br>➢ **Gan an DIA a chur ar an eolas faoi chúis imní.**<br>➢ **Nach ndéanfaidh an DIA tuairisc chuig TUSLA/na Gardaí.**<br>➢ **Easpa tuisceana ar na nósanna imeachta maidir le Cosaint Leanaí atá le leanúint ag gach duine nuair atá siad i mbun gníomhaíochtaí le pé clár a bhaineann leis an eagraíocht**<br>➢ **Mí-úsáid ag tarlú idir daoine óga** | ➢ **Cuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus polasaithe agus nósanna imeachta ar fáil do gach fostaí.**<br>➢ **Nósanna imeachta maidir le hEarcaíocht.**<br>➢ **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.**<br>➢ **Cód iompraíochta a bheith tugtha do gach ball foirne.**<br>➢ **Nósanna imeachta maidir le tuairisciú líomhaintí i leith fostaithe/oibrithe deonacha.**<br>➢ **Clár ríomhfhoghlama *"Tús Áite do Leanaí"* a dhéanamh ar líne le TUSLA.** |

| | | |
|---|---|---|
| **Daoine mí-oiriúnacha a earcú** | ➢ **An riosca go ndéanfadh ball den fhoireann díobháil do leanbh/duine óg.**<br>➢ **Nach mbeadh seiceáil cheart déanta ar Theistiméireacht a lorg ó gach duine.**<br>➢ **Nach mbeadh aird tugtha ag an eagraíocht ar nochtadh eolais an Gharda Síochána.**<br>➢ **Gan measúnú riosca a dhéanamh ar an Nochtadh Eolais.**<br>➢ **Gan rioscaí díobhála a aithint agus/nó gan é a thuairisciú chuig DIA.** | ➢ **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtéann siad i mbun oibre linn.**<br>➢ **Teistiméireacht a lorg.**<br>➢ **Gnáth-nósanna seiceála ar nós tagairtí a iarraidh & a fhiosrú agus aon bhearnaí nár míníodh sa CV a chinntiú.**<br>➢ **Nósanna imeachta Earcaíochta.**<br>➢ **Ionduchtú agus traenáil Ríomhfhoghlama *"Tús Áite do Leanaí"* a dhéanamh ar líne le TUSLA.** |
| **Líomhaint/ Gearán i leith fostaithe agus aon duine atá fostaithe ag an eagraíocht go buan nó go sealadach. (Teagascóirí/Áisitheoirí/Feitheoirí/ /Ealaíontóirí)** | ➢ **Nach mbeadh an fostaí feiliúnach le hoibriú le leanaí: láimhseáil míchuí, ag béicíl, ag cáineadh is go ndéanann sé dochar do leanaí.**<br>➢ **Mí-úsáid fhisiciúil / faillí mhothúchánach agus gnéas a dhéanamh.**<br>➢ **Nach mbeadh ionduchtú ná nach mbeadh eolas acu ar na** | ➢ **Polasaí Earcaíochta.**<br>➢ **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula dtéann aon duine a bheidh ag plé le leanaí i mbun oibre linn.**<br>➢ **Nósanna imeachta i leith líomhaintí.**<br>➢ **Teistiméireacht a lorg.** |

| | | |
|---|---|---|
| | **polasaithe agus na nósanna imeachta.**<br>➢ **Ball foirne a dhéanann cumarsáid le leanaí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile.** | ➢ **Ionduchtú agus traenáil.**<br>➢ **Ríomhfhoghlaim *"Tús Áite do Leanaí"* a dhéanamh ar líne le TUSLA.**<br>➢ **Cuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na heagraíochta ar fáil do gach ball foirne nua.** |
| **Leanaí/daoine óga leochaileacha atá faoi Mhíchumas**<br>**• ó mhionlaigh eitneacha nó imircigh**<br>**• ón Lucht Siúil**<br>**• ó mhionlaigh chreidimh**<br>**• faoi chúram an Stáit**<br>**• ar an gcóras Fógartha um Chosaint Leanaí** | ➢ **An riosca go ndéanfadh an teagascóir/áisitheoir/feitheoir/ /ealaíontóir díobháil do leanbh/duine óg.**<br>➢ **Gan tuiscint a bheith acu go bhfuil mí-úsáid ag tarlú dóibh.**<br>➢ **Nuair nach féidir leis na leanaí/ daoine óga mí-úsáid a chur in iúl.**<br>➢ **Gan aon aird a thabhairt orthu.** | ➢ **Polasaí Ionduchtúcháin agus Oiliúna.**<br>➢ **Cód iompair do gach ball foirne.**<br>➢ **Conradh Scoileanna.**<br>➢ **Measúnú Riosca.**<br>➢ **Comhaontú cíosa le hionaid phobail.**<br>➢ **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.**<br>➢ **Beartas bulaíochta: cuirtear beartas bulaíochta i bhfeidhm.** |

| | | |
|---|---|---|
| | | ➢ **Beartas um Chosaint Leanaí: Ráiteas um Chumhdach Leanaí.**<br>➢ **Feitheoireacht chuí a chinntiú le linn gníomhaíochtaí.** |
| **Úsáid Áiseanna Ionaid Eile**<br>**Imeachtaí** | ➢ **An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh/duine óg de bharr nach bhfuil dóthain maoirseachta á déanamh agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí nach mbíonn ar siúl ar láthair an ionaid.** | ➢ **Tá beartas maoirseachta agus nósanna imeachta soiléire ann chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí á déanamh ar leanaí/daoine óga le linn gníomhaíochtaí, pé áit a bhfuil sé ar siúl agus na leanaí/daoine óga faoi chúram oibrí.**<br>➢ **Conradh Scoileanna.**<br>➢ **Comhaontú cíosa le hionaid phobail - measúnú riosca déanta.** |
| **Timpistí** | ➢ **An riosca go ngortófaí leanbh/duine óg.**<br>➢ **Gan bosca garchabhrach a bheith ar an láthair.** | ➢ **Beartas i leith Timpistí - foireann ar an eolas faoin mbeartas.**<br>➢ **Riarachán ar Gharchabhair.**<br>➢ **Boscaí garchabhrach ar an láthair i gcónaí.** |

| | | |
|---|---|---|
| | | ➢ **Foirm Thuairisce ar Thimpiste.** |
| **Stóráil eolais, íomhánna/cosaint sonraí**<br><br>**Fón Póca le linn gníomhaíochtaí** | ➢ **Go mbeadh sonraí agus grianghraif leanaí a n-úsáid go míchuí.**<br>➢ **Úsáid mhíchuí, athrú nó cóipeáil mhíchuí ar íomhánna.**<br>➢ **Go mbeadh duine ag úsáid fón póca pearsanta chun grianghraif a thógáil de leanaí.** | ➢ **Cead faighte ó thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le húsáid grianghraf / sonraí.**<br>➢ **Ní luaitear ainmneacha leanaí i ngrianghraif a úsáidtear i gcomhair poiblíochta.**<br>➢ **Níl cead fón póca pearsanta a úsáid chun grianghraif a thógáil de leanaí ná le cumarsáid a dhéanamh le leanaí. Is tríd an eagraíocht amháin a dhéantar é sin.** |
| **Eolas Rúnda a sceitheadh** | ➢ **Go sceithfí eolas le daoine nach mbeadh aon bhaint acu leis an ábhar agus atá taobh amuigh de na polasaithe agus nósanna imeachta.**<br>➢ **Foireann ag roinnt eolais le daoine eile.** | ➢ **Beartas Rúndachta.**<br>➢ **Beartas um Chosaint Leanaí.**<br>➢ **Ní roinnfear eolas ach ar bhonn riachtanach.** |

**Nóta Tábhachtach**: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta é.

## Cuir i bhfeidhm agus Athbhreithniú

Déanfar measúnacht ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí go tréimhsiúil agus nithe amhail aiseolas a fuarthas, na cleachtais is fearr agus/nó athruithe ar bith ar reachtaíocht sa tréimhse sin á gcur san áireamh, agus déanfaidh Ealaín na Gaeltachta leasú air dá réir.

- Tabharfar cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí do gach ball foirne a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le leanaí mar chuid dá gcuid oibre, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta. Tabharfar cóip den Ráiteas seo do TUSLA má éilítear sin.

Ainm (An duine ábhartha): Rachel Holstead ___________________________________

Síniú Signed by: Rachel Holstead 07CBC7F57D3C496... ________________________________ Dáta: 9/9/2026 ________________________________

Athbhreithniú: Iúil 2028 (nó níos luaithe ag brath ar athruithe reachtaíochta)

**NB:** Má bhíonn aon cheist agat, nó chun breis eolais a fháil faoin Ráiteas seo, téigh i dteagmháil leis an **Duine Ábhartha: de réir an Achta um Thús Áite Do Leanaí, 2015**

# Beartais agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí

## 1. Suíomhanna

Tá freagrachtaí ar Ealaín na Gaeltachta maidir le gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i suíomhanna éagsúla a cuid gnó. Tá a bpolasaithe agus nósanna imeachta féin i bhfeidhm ag gach uile scoil. Nuair a bhíonn fostaí ar scoil ar leith i rith am scoile, feidhmíonn fostaithe de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta atá ag an scoil a bhfuil siad ag obair inti. Ní mór don scoil a chinntiú go bhfaighidh an Teagascóir cóip de bheartais agus de nósanna imeachta na Scoile. Má bhíonn imní ar an Teagascóir faoi aon líomhaintí/cúis imní/scéala faoi mhí-úsáid linbh, tá dualgas ar an Teagascóir a (h)imní a chur in iúl don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa Scoil agus DIA EnG. Nuair atá fostaí in ionaid atá ar cíos nó á úsáid ag EnG, feidhmíonn siad de réir Bheartais agus Nósanna Imeachta Ealaín na Gaeltachta.

## 2. Cosaint Leanaí

Táimidne, Ealaín na Gaeltachta Teoranta, tiomanta do chur chuige a thugann aird ar riachtanais na hóige inár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga. Dearbhaímid go gcuirfimid timpeallacht agus eispéireas sábháilte ar fáil. Tugtar tús áite do shábháilteacht agus do leas an linbh/duine óig thar aon ní eile. Cinnteoidh Ealaín na Gaeltachta go gcloífear lenár ndualgas maidir leis an reachtaíocht náisiúnta, *An tAcht um Chúram Leanaí, 1991; An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015; An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 agus an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016*. Cloífear le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 chomh maith, gan leasú.*

**Faoi réir an *Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015*** cuirtear oibleagáid reachtúil ar dhaoine áirithe ábhair imní faoi chosaint leanaí atá ag tairseach díobhála (mar a shainmhínítear san Acht), nó os a cionn, a thuairisciú chuig TUSLA. Tagraítear do dhaoine dá leithéid mar "dhaoine sainordaithe" faoin Acht.

Alt 14(1) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015:

"... i gcás gurb eol do dhuine sainordaithe... nó a bhfuil forais réasúnacha drochamhrais aige nó aici, ar bhonn faisnéis a bheidh faighte nó sealbhaithe aige nó aici...— (a) go ndearnadh díobháil dó nó di (b) go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di, nó (c) go bhfuil priacal ann go ndéanfar díobháil dó nó di "ciallaíonn 'díobháil', i ndáil le leanbh—:

(a) ionsaí a dhéanamh ar leanbh, drochíde a thabhairt do leanbh nó faillí a dhéanamh i leanbh ar mhodh a dhéanann difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó

(b) drochúsáid ghnéasach an linbh, cibé acu is gníomh, neamhghníomh nó imthoisc aonair, nó sraith nó teaglaim de ghníomhartha, de neamhghníomhartha nó d'imthosca, nó ní eile, is cúis léi;"

**Tá dualgas ar Ealaín na Gaeltachta:**

1. Díobháil do leanaí atá os cionn tairsí sainithe a thuairisciú do TUSLA
2. Cuidiú le TUSLA má iarrtar é, chun measúnú a dhéanamh ar imní a tháinig faoi réir tuairisce sainordaithe.

Bunaithe ar Chaibidil 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017 maidir leis na ceithre phríomhchineál drochúsáide agus conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint, ní mór do bhaill foirne go léir a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis seo chun a chur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

**Seo a leanas nósanna imeachta i leith cosaint leanaí:**

- Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí agus foireann oibre eolas faoi Bheartais um Chosaint Leanaí
- Tá freagracht ar gach ball foirne sábháilteacht agus cosaint agus leas na leanaí atá faoina gcúram a chinntiú
- Táthar ag súil má bhíonn aon cheisteanna ag aon duine maidir leis an mbeartas nó lena chur i bhfeidhm go labhróidh siad leis an **Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA).**

## 3. Ag déileáil le hamhras faoi dhrochúsáid leanaí

Is mó an seans go mbeidh a fhios againn faoi chás mí-úsáide má insíonn leanbh dúinn faoi. Tá sé riachtanach go bpléifeadh duine ar bith atá ag obair ar son Ealaín na Gaeltachta le nochtadh drochúsáide go híogair agus go gairmiúil. Maidir le cás ina bhfaigheann fostaithe/teagascóir eolas ar líomhain nó má tá amhras ann gur tugadh drochúsáid do leanbh nó go ndearnadh faillí i leanbh, go bhfuil drochúsáid á tabhairt do leanbh nó faillí á déanamh i leanbh, nó go bhfuil riosca ann go dtabharfar drochúsáid do leanbh nó ndéanfaí faillí i leanbh, chomh maith leis an ábhar a thuairisciú don DIA ní mór don fhostaí a chinneadh freisin an bhfuil sé riachtanach tuairisc shainordaithe a dhéanamh chuig TUSLA maidir leis an imní sin. Maidir leis sin, cloítear leis na nósanna imeachta seo go dtéann an fostaí i dteagmháil leis an DIA agus go ndéanann siad an tuairisc le chéile le cur chuig TUSLA.

Seo a leanas na nósanna imeachta

- Fan socair nuair a fhaigheann tú an nochtadh
- Éist go cúramach agus go haireach
- Tabhair go leor ama don leanbh le ligean dóibh an méid is mian leo a rá a chur in iúl
- Creid an leanbh/duine óg

- Cuir an leanbh/duine óg ar a s(h)uaimhneas agus abair leo go ndearna siad an rud ceart trí labhairt leat
- Ná geall aon rud a choinneáil faoi rún
- Cuir ceisteanna ar mhaithe le soiléireacht amháin, ná cuir treoircheisteanna
- Ná tabhair barúil ar bith faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Cinntigh go dtuigeann an leanbh/duine óg na nósanna imeachta atá le leanúint ina dhiaidh sin
- Déan taifead scríofa den chomhrá a luaithe agus is féidir agus bíodh an oiread mionsonraí ann agus is féidir. Sonraigh cad a tharla agus cén áit, agus bain úsáid as focail an linbh féin. Sínigh an taifead agus cuir dáta leis
- Déileáil go rúnda leis an eolas
- Cuir an t-eolas ar aghaidh chuig DIA na scoile agus chuig DIA Ealaín na Gaeltachta. Tá sé tábhachtach nach ndéanfadh ball foirne iarracht dul i ngleic leis an bhfadhb ina n-aonar. **Má cheaptar go bhfuil mí-úsáid ar siúl nó má nochtar mí-úsáid is é an rud is tábhachtaí ná nach ndéanfaidh tú faic. Má theipeann ar dhuine gníomhú, d'fhéadfaí iad a chúiseamh go coiriúil faoi *Alt 11 176 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006*, rud a thugann cúiseamh coiriúil isteach maidir le cur i mbaol meargánta leanaí.**

## Comharthaí mí-úsáide a thabhairt faoi deara **(féach Aguisíní)**

Sa chás go dtugann oibrithe faoi deara go bhfuil díobháil á déanamh do leanbh/duine óg, mar shampla, má bhíonn comharthaí, marcanna nó gortú i gceist nach féidir a mhíniú go réasúnta, nó má bhíonn iompraíocht neamhghnách ag an leanbh/duine óg. D'fhéadfadh comharthaí mí-úsáide coirp, iompraíochta nó forbraíochta a bheith i gceist.

**Más duine sainordaithe nó DIA thú agus tú idir dhá chomhairle faoi cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn an t-ábhar imní an tairseach faoin Acht, is féidir leat teagmháil neamhfhoirmeálta a dhéanamh le hOibrí Sóisialta de chuid TUSLA.**

**Fiú i gcás imní nach gcomhlíonann an tairseach ba cheart go dtuairisceofaí í de réir na dtreoracha thuas, más ann d'imní réasúnta faoi leas nó cosaint leanaí.**

**Is féidir le duine sainordaithe tuairisc a dhéanamh iad féin, ach an DIA a chur ar an eolas fúithi agus cóip den tuairisc a thabhairt dóibh.**

**Seo na nósanna imeachta:**

- Déanfar an t-eolas a thaifeadadh, mar aon le dátaí, amanna agus aon eolas eile faoi na marcanna nó faoin iompraíocht. Déanfar taifead a shíniú agus dáta a chur leis
- Cuirfear an t-eolas ar aghaidh chuig an DIA Ealaín na Gaeltachta/ Scoil lena mheas

- Déanfaidh an DIA athbhreithniú ar an eolas a cuireadh ar fáil le cinntiú gur bailíodh an t-eolas ábharthach go léir. Déanfaidh a nDIA teagmháil leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach - TUSLA - chun comhairle neamhfhoirmiúil a fháil gan mhoill maidir leis an líomhain, imní nó nochtadh, nuair is gá

- Ní mór doiciméadú soiléir a dhéanamh ar aon chomhairliúcháin, cinntí nó gníomhaíochtaí ar imní iad faoi chosaint nó leas leanaí, lena n-áirítear aon phlé a dhéantar leis an leanbh, tuismitheoir/caomhnóir nó úsáideoir seirbhíse, TUSLA nó An Garda Síochána

- Déanfaidh an DIA tuairisc fhoirmiúil chuig TUSLA, ag baint úsáide as Foirm Thuairiscithe TUSLA atá le fáil ar shuíomh idirlín TUSLA http://www.TUSLA.ie/childrenfirst/publications-andforms. Moltar cóip a dhéanamh den tuairisc agus a chur ar comhad.

**Má chinneann an DIA nár cheart ábhar imní a thuairisciú chuig TUSLA, (ba cheart do DIA teagmháil a dhéanamh le TUSLA chun comhairle a fháil), seo iad na céimeanna le glacadh:**

- Déanfar taifead soiléir de na cúiseanna nár tuairiscíodh an líomhain, imní nó nochtadh. Cuirfear an té a rinne an chéad tuairisc ar an eolas i scríbhinn mura bhfuil tuairisc fhoirmiúil á déanamh. Is féidir leo féin tuairisc a thabhairt má chreideann siad go bhfuil baol ann don leanbh

- Is ceart dóibh úsáid a bhaint as Foirm Thuairiscithe TUSLA atá le fáil ar shuíomh gréasáin TUSLA: http://www.TUSLA.ie/childrenfirst/publications-andforms. Moltar cóip a dhéanamh den tuairisc agus a chur ar chomhad

- Ba cheart taifid a dhéanamh a luaithe is féidir agus moltar iad a chur i gcrích laistigh de 24 uair an chloig

- Ba chóir taifid a chlóscríobh nuair is féidir. Má tá siad lámhscríofa, ní mór dóibh a bheith soiléir, inléite agus scríofa i bpeann dubh amháin

- Ba chóir gach iontráil a bheith déanta de réir 24 uair an chloig (m.sh. 16:00 uair) agus dátaithe

- Ba chóir go mbeadh síniú le hainm iomlán i mbloclitreacha i ngach iontráil

- Cuirfear cóip den tuairisc sin ar fáil don DIA.

**Beidh Tuairisc le déanamh chuig TUSLA faoi aon cheann acu seo:**

- Fianaise (m.sh. gortú nó iompar) atá i gcomhréir le drochúsáid agus nach dócha go raibh aon chúis eile leis

- Imní ar bith faoi dhrochúsáid ghnéasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist

- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh/duine óg ó fhaillí mhothúchánach nó faillí fhisiciúil/chorpartha
- Leanbh/duine óg a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile gur tugadh drochúsáid dóibh
- Admháil nó leid ó dhuine fásta nó leanbh faoi dhrochúsáid a líomhnaíodh go ndearna siad í
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh/duine óg agus drochúsáid á tabhairt dóibh
- Is féidir teagmhálacha náisiúnta do TUSLA a fháil ar shuíomh gréasáin TUSLA, www.TUSLA.ie Féach Aguisíní
- Ní gá do dhuine a chruthú gur tharla drochúsáid chun imní a thuairisciú do TUSLA/ An Garda Síochána. Ní theastaíonn ach go mbeadh cúis réasúnta imní ag duine. Níor chóir do bhall foirne ar bith iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an bhfadhb mhí-úsáide ina (h)aonar i gcás ar bith
- Is é ról TUSLA ná measúnú a dhéanamh ar an imní a tuairiscíodh dóibh. Má thuairiscítear imní, breithneofar an t-eolas go cúramach in éineacht le haon eolas eile atá ar fáil agus déanfar measúnú cosanta leanaí má aithnítear go bhfuil a dhóthain riosca ann.

Teastaíonn an t-eolas seo le cur ar an bhfoirm chun cuidiú le TUSLA d'ábhar imní a mheas (féach aguisín):

- Ainm, seoladh agus aois an linbh/duine óig
- Ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- Ainmneacha más eol duit, an duine/na daoine atá ag déanamh na díobhála don leanbh/duine óg nó nach bhfuil ag tabhairt cúram cuí dóibh
- Cuntas mionsonraithe ar d'fhorais imní (m.sh. sonraí na líomhna, dátaí ar ar tuairiscíodh na gortuithe)
- Ainmneacha leanaí eile sa teaghlach
- Ainm na seirbhíse/scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh/duine óg
- Ainm an té atá ag déanamh na tuairisce

Caithfear freagra a thabhairt ar bhuairt nó amhras réasúnta ar bith faoi mhí-úsáid nó faillí. Má thugtar neamhaird ar na comharthaí nó mura ndéantar idirghabháil, d'fhéadfadh tuilleadh díobhála tarlú don leanbh. Má theipeann ar dhuine gníomhú, d'fhéadfaí é/í a chúiseamh go coiriúil faoi *Alt 11 176 den Acht um Chheartas Coiriúil, 2006,* rud a thugann cúiseamh coiriúil isteach maidir le cur i mbaol meargánta leanaí. **Is é an Garda Síochána a bheidh ag plé le**

**gnéithe coiriúla ar bith de chás drochúsáide faoin reachtaíocht ábhartha um cheartas coiriúil. Má mheastar go bhfuil riosca láithreach ann do leanbh agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le TUSLA, is ceart teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána gan mhoill.**

### An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1988 **(Féach dlíthe)**

De réir an Achta seo, tugtar cosaint do dhuine a thuairiscíonn drochúsáid leanaí d'oifigigh ainmnithe TUSLA nó do bhaill den Gharda Síochána, a fhad is go ndéantar an tuairisc go macánta agus nach bhfuil sí mailíseach.

### Ag déileáil le nochtadh faisnéise ó dhuine fásta maidir le drochúsáid atá ag dul siar píosa fada

Sa chás go nochtann duine fásta (oibrí/tuismitheoir/caomhnóir) gur tugadh drochúsáid dóibh nuair a bhí siad óg, tá sé riachtanach a fháil amach an bhfuil aon bhaol ann faoi láthair d'aon leanbh a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an drochúsáideoir.

Ba chóir an t-ábhar imní a chur in iúl do TUSLA agus a insint dóibh go bhfuil seans ann gur baol iad duine áirithe do leanaí.

## 4. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

Tá sé de dhualgas ar an eagraíocht duine sinsearach lánaimseartha d'fhoireann a ainmniú mar DIA.

### Dualgais

- Feidhmiú mar fhoinse eolais i leith nithe a bhaineann le cosaint leanaí
- Déileáil le haon chás ina bhfaigheann an Duine eolas/tuairisc ar líomhain gur tugadh drochúsáid nó go ndearnadh faillí i leanbh/i nduine óg
- Tá dualgas ar an DIA taifead a dhéanamh de gach ábhar imní nó líomhain i ndáil le drochúsáid leanaí a cuireadh in iúl dóibh mar aon leis na bearta a rinneadh tar éis imní nó líomhain faoi dhrochúsáid leanaí a fháil
- Glacadh leis an imní atá i gceist agus é sin a mheas
- Cinntiú go bhfuil dóthain sonraí le tuairisc a chur ar aghaidh: Trí chomhairliúchán neamhoifigiúil a dhéanamh in éineacht le hoibrí sóisialta de chuid TUSLA, tugtar deis duit an cheist a phlé go ginearálta agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil cúis le tuairisc oifigiúil a thabhairt
- Teagmháil nó tuairisciú a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach TUSLA, nó leis an nGarda Síochána

- Cóip a choinneáil den tuairisc a seoladh ar Thairseach (Portal) TUSLA agus taifead a choimeád d'aon bheart breise atá le déanamh ag an DIA agus d'aon chumarsáid bhreise le TUSLA, leis an nGarda Síochána nó le páirtithe eile i ndáil leis an tuairisc sin. Cuirtear gach tuairisc/taifead ar taifead in áit shábháilte atá faoi ghlas agus nach bhfuil rochtain ag pearsanra, seachas an DIA agus an LDIA, uirthi
- Tá dualgas ar an DIA Príomhfheidhmeannach na heagraíochta a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir.

Trí chomhairliúchán neamhoifigiúil a dhéanamh in éineacht le hoibrí sóisialta de chuid TUSLA, tugtar deis duit an cheist a phlé go ginearálta agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil cúis le tuairisc oifigiúil a dhéanamh.

Sa chás gurb í an chomhairle a fhaightear ó TUSLA ná go bhfuil cúis ann le tuairisc a dhéanamh, deimhneofar, de réir Ráiteas um Chumhdach Leanaí Ealaín na Gaeltachta, gur chóir tuairisciú a dhéanamh agus an fhaisnéis go léir is ábhartha a bheith curtha ar fáil.

Nuair is comhairle atá á lorg, ní mór don pháirtí atá ag iarraidh an chomhairliúcháin a lua go sainráite nach bhfuil siad ag déanamh tuairisce - go bhfuil siad ag déanamh cur síos ar shonraí faoi ábhar imní, ach nach bhfuil aon fhaisnéis aitheantais áirithe leis, maidir le leanbh nó lena theaghlach.

Is féidir teagmhálacha náisiúnta do TUSLA a fháil ar shuíomh gréasáin TUSLA, www.tusla.ie. (Féach Aguisín).

## Eolas do thuismitheoirí/do chaomhnóirí maidir le cosaint leanaí

Tá cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí thar a bheith tábhachtach le cinntiú go mbeidh an toradh is fearr á fháil do leanaí.

- I gcás ar bith ina mbíonn duine ag cur tuairisce faoi bhráid TUSLA, is iad an DIA a bheidh freagrach as na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas
- Déanfar taifead d'aon chomhrá a bhí ag an DIA leis na tuismitheoirí/caomhnóirí
- I gcás go mbíonn aon amhras ar an DIA maidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoi thuairisc a bheith á déanamh chuig TUSLA, iarrfaidh an DIA comhairle ar TUSLA
- Ach caithfear a bheith airdeallach i gcónaí gurb é tábhacht agus cúram an linbh/duine óig an príomhphrionsabal agus is de réir an phrionsabail sin a dhéileálfaidh an DIA le haon chás um chosaint leanaí

Seo na cúiseanna **nach** gcuirfí tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas:

(a) Sa chás go bhfuil contúirt ann don leanbh/duine óg
(b) Go mbeadh údar ann go gcuirfeadh sé isteach ar TUSLA measúnú a dhéanamh
(c) Go gcreideann an té atá ag déanamh na tuairisce go ndéanfaí dochar dóibh.

Taifeadfar cinneadh de chuid an DIA gan tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas mar aon leis na cúiseanna nach ndearnadh amhlaidh.

## 5. Líomhaintí drochúsáide i leith Baill Foirne

Má dhéantar líomhain in aghaidh duine ar bith a oibríonn ar son Ealaín na Gaeltachta, nó má mheasann ball foirne de chuid Ealaín na Gaeltachta go bhfuil iompraíocht mhíchuí ar siúl ag ball foirne eile i leith linbh, is é an leanbh a chosaint an tosaíocht is mó agus an beart is tábhachtaí. Níl aon rud níos tábhachtaí ná a chinntiú nach gcuirtear an leanbh i mbaol.

**Seo iad na nósanna imeachta:**

- Is í **Máire Ní Thuathail** an té atá ainmnithe chun déileáil le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh agus tuairisciú chuig TUSLA más gá
- Is í **Freda Nic Giolla Chatháin** atá ainmnithe chun comhairle a chur ar an té a bhfuil an chúis curtha ina leith. (Ní féidir leis an duine céanna a bheidh ag plé le dhá chúis)
- Tá sé tábhachtach a thuiscint go gcaithfear cloí le dhá nós imeachta:
    1. An nós imeachta i leith na líomhna/an amhrais
    2. An nós imeachta chun déileáil leis an bhfostaí

- Más i gcoinne duine den bheirt atá luaite thuas atá na líomhaintí is faoi **Rachel Holstead** atá sé tuairisciú do TUSLA, más gá
- Caithfear mar is cóir le gach duine atá páirteach sa scéal
- Ag gach céim den phróiseas caithfear cuimhneamh go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht a chinntiú nach mbeidh aon riosca don leanbh mar bheart práinne, déanfar cinnte de go ndéanfar bearta cosanta ar bith a mbeidh gá leo, ar a n-áireofar, áit a bhfuil riachtanas práinneach cumhdaigh leanaí ann agus a iarraidh ar an bhfostaí reatha atá i gceist, fanacht as an tseirbhís
- Ba chóir cathaoirleach agus príomhfheidhmeannach na heagraíochta a chur ar an eolas chomh luath agus is féidir
- Déanfar an líomhain a mheas go pras agus go cúramach
- Déileálfar leis an scéal faoi rún daingean i gcónaí agus ní nochtfar ainm an fhostaí, ach amháin nuair is gá
- Déanfar taifead cruinn de gach gné den phróiseas
- Caithfear go cothrom leis an bhfostaí, agus áireofar leis sin an ceart gan aon bhreithiúnas a thabhairt go dtí go mbeidh próiseas iomlán, cóir agus cothrom curtha i gcrích agus san áit is infheidhme
- Leanfar nósanna imeachta mar atá aontaithe sna beartais agus de réir an chonartha fostaíochta
- Déanfar cinneadh cé acu ar cheart nó nár cheart tuairisc a chur chuig TUSLA. Bunófar an cinneadh sin ar a thromchúisí agus atá an t-ábhar imní

- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí nó príomhchúramóirí an linbh ar an eolas
- Cuirfear comhairle ar an té a bhfuil an chúis curtha ina leith maidir leis an méid seo a leanas:
    - An cás a ndearnadh líomhain ina leith. An cineál líomhna a rinneadh
    - Tabharfar deis don fhostaí an cás a fhreagairt, agus caithfear an freagra a bhreacadh síos agus ní mór é sin a chur ar aghaidh chuig TUSLA in éineacht leis an tuairisc fhoirmiúil
- Fanfaidh Ealaín na Gaeltachta i dteagmháil go dlúth agus go rialta le TUSLA agus leis an nGarda Síochána agus glacfar cinneadh maidir leis an bhfostaí agus aird chuí á tabhairt ar eolas ar bith a thabharfaidh siad
- Coimeádfaidh Ealaín na Gaeltachta TUSLA ar an eolas maidir le beart ar bith ar mhaithe le cumhdach leanaí a rinneadh nó atá ar intinn a dhéanamh i leith an fhostaí
- Níor chóir an ball foirne a chur ó dhualgas go dtí go bhfaighfear toradh an imscrúduithe ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Ba chóir a mhíniú don bhall foirne atá i gceist gur beart réamhchúramach é an cinneadh chun iad a chur ó dhualgas, agus nach smachtbhanna araíonachta é. Cuirfear tuairimí an bhaill foirne atá i gceist san áireamh agus na bearta cuí cosanta á gcinneadh. Is ag Ealaín na Gaeltachta a bheidh an cinneadh deiridh.

## 6. Rúndacht/ Cosaint Sonraí

Táimidne, Ealaín na Gaeltachta, tiomanta don cheart atá ag daoine go gcinnteofar rúndacht. Tá sé de dhualgas a chinntiú go mbailítear, go stóráiltear agus go láimhseáiltear sonraí ar bhealach cuí agus go gcloítear leis an reachtaíocht mar atá leagtha amach in Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus leis An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, 2018, (RGCS). Caithfear eolas pearsanta a bhailiú agus a úsáid ar bhealach cothrom, a stóráil go sábháilte agus gan é a nochtadh go mídhleathach. Is cuma cén sórt sonraí a bhíonn i gceist, nó cén bealach a stóráiltear sonraí - go leictreonach, ar pháipéar nó ar ábhair eile, caithfear an beartas seo a chur i bhfeidhm.

**Seo a leanas na nósanna imeachta a leanfar:**

- Ní ligfear do chúrsaí rúndachta ceart an linbh chun cosanta a shárú. Beidh leas an linbh mar phríomhthosaíocht. Ní sárú rúndachta ná cosanta sonraí é eolas a thabhairt do TUSLA/ An Garda Síochána

- Mar sin, sa chás go gcuirfeadh leanbh in iúl go bhfuil díobháil á déanamh dóibh, ní féidir rúndacht a ghealladh. Ba chóir a mhíniú don leanbh nach féidir an t-eolas seo a choinneáil faoi rún. Déileálfar leis de réir bheartas agus nósanna imeachta um chosaint leanaí

- Sa chás go mbeadh eolas faoi chosaint leanaí ag EnG, coinneoidh an eagraíocht in áit faoi ghlas é agus ní bheidh teacht air ach amháin má bhíonn sé ag teastáil de réir an Bheartais um Chosaint Leanaí

- Ní úsáidfear íomhánna den leanbh/duine óg ar aon chúis gan cead a fháil ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir (mar sin féin, ní féidir linn a chinntiú nach n-úsáidfear ceamaraí/fístaifeadáin ag taibhléirithe poiblí). Cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le húsáid íomhánna de leanaí/daoine óga
- Níl sé de chead ag Duine Sainordaithe an Tuairisc Shainordaithe a nochtadh do thríú páirtí seachas TUSLA le linn cúrsa measúnaithe
- Tá sé de dhualgas ar gach duine a chinntiú go mbailítear, go stóráiltear agus go láimhseáiltear sonraí ar bhealach cuí. Caithfidh gach duine a láimhseálann sonraí pearsanta a chinntiú go láimhseáiltear agus go bpróiseáiltear iad de réir na bprionsabal um chosaint sonraí.

## 7. Cód Iompraíochta idir Oibrithe Leanaí/ Daoine Óga

Clúdaíonn sé seo an fhoireann *bhuan*, teagascóirí, cúntóirí ranga, áisitheoirí, ealaíontóirí, oibrithe deonacha, agus oibrithe faoi oiliúint srl. **(MOLTAR BEIRT A BHEITH I bhFEIGHIL AR GACH GRÚPA de dhaoine óga)**. I gcás gníomhaíochtaí ar láthair scoile laistigh d'uaireanta scoile, aontaíonn an Scoil go mbeidh duine cuí ó fhoireann na scoile i láthair i gcónaí ar feadh thréimhse iomlán an imeachta.

Tugann Ealaín na Gaeltachta aitheantas agus léiríonn siad meas ar na cearta atá ag na daoine fásta agus ag na leanaí/daoine óga go léir atá ina seirbhís. Léirímid an meas atá againn ar chumas, indibhidiúlacht agus ar chúlra cultúrtha ár leanaí/daoine óga go léir trí na deiseanna a thabhairt do gach leanbh/duine óg a bheadh uathu chun barr a gcumais a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí gníomhacha taobh istigh de mheon/de chultúr ionchuimsitheach.

- Ionbhá na leanaí/daoine óga a chothú agus tacú leo a bheith compordach le héagsúlacht idir leanaí
- Gach leanbh/duine óg a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar éagsúlacht agus ar chlaontacht
- Tacú le féiniúlacht na leanaí/daoine óga (mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa) agus muintearas a chothú iontu
- Leanaí/daoine óga a chumasú le seasamh suas dóibh féin agus do dhaoine eile i gcúinsí deacra
- Oibriú ar bhealach oscailte.

**Ní mór cur chuige atá dírithe ar leanaí a bheith ag duine ar bith a bhíonn ag obair ar son Ealaín na Gaeltachta, agus a bhíonn i dteagmháil le leanaí mar chuid den obair.**

**Seo iad na nósanna imeachta:**

- Tabhair tús áite do leas agus do shábháilteacht an linbh/duine óig i gcónaí

- Cinntigh gur comhlánaíodh an páipéarachas cuí: foirmeacha clárúcháin, riachtanais bhreise, leighis srl.
- Éist lena bhfuil le rá ag an leanbh/duine óg i gcónaí agus léirigh meas ar a dtuairimí
- Léirigh ómós agus meas ar gach leanbh/duine óg mar dhuine ann féin
- Na leanaí le bheith páirteach i gcinntí a bhaineann leo, ach sin a bheith feiliúnach
- Conradh grúpa a aontú sula dtosaítear seisiún
- Dea-iompar a mholadh
- Teanga chuí a úsáid agus a bheith cúramach faoin teanga agus faoi ráitis a dhéantar. Má cheapann tú gur ghlac leanbh le rud a dúirt tú mar mhasla, nó gur chuir sé isteach orthu, déan iarracht díriú air go híogair
- Meas a léiriú ar spás pearsanta an linbh/duine óig ar mhaithe le sábháilteacht agus le príobháideachas gach uile dhuine agus na leanaí a spreagadh chun é sin a dhéanamh freisin
- Tabhair treoir de réir do shampla féin agus bíodh iontaoibh le brath
- Cinntiú go seachnaítear iompraíocht dhainséarach ar bith nó go gcuirtear deireadh léi
- Cinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta ar bith maidir le leanaí/daoine óga faoi rún
- Bheith airdeallach faoi theorainneacha cumais an linbh/duine óig agus iad a bheith faoi chúram dochtúra mar shampla
- Atmaisféar a chothú ina mbíonn iontaoibh ag daoine as a chéile
- Meas a léiriú ar dhifríochtaí ó thaobh cumais, cultúir, reiligiúin, cine agus féiniúlacht inscne de.

## Dea-chleachtas

Gach leanbh/duine óg a chlárú (ainm, seoladh, fón, riachtanais speisialta, tinreamh, sonraí teagmhála i gcás práinne)

- Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a bheith ar fáil do na príomhchúramóirí/daoine óga, do theagascóirí/cúntóirí ranga/áisitheoirí/ealaíontóirí agus do chuairteoirí
- Nósanna imeachta i gcás práinne a bheith ullamh agus an fhoireann a bheith ar an eolas faoi na nósanna sin
- Gan leanaí/daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise ar leith acu a fhágáil ar lár ó imeachtaí agus a chinntiú go bhfuiltear tuisceanach leo. An teagascóir le comhoibriú leis an múinteoir agus leis an gCúntóir Riachtanas Speisialta chun tacú le

rannpháirtíocht na ndaoine óga ar bhealach atá oiriúnach do riachtanais na ndaoine óga sin

- Aon ábhar imní a chur in iúl don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) chun déileáil leo agus nósanna imeachta i leith tuairiscí den saghas sin a leanúint
- Beartas frithbhulaíochta le bheith ag gach grúpa ealaíon. Leanaí agus daoine óga a spreagadh chun aon bhulaíocht, ábhar imní nó buartha a chur in iúl agus tuiscint a bheith acu ar an mbeartas
- Cód gléasta agus iompair a leanúint
- Meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais oibre go rialta
- Taifead agus tuairisc a dhéanamh ar aon tarlúintí nó timpistí
- Eolas a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar aon cheisteanna a bhaineann lena leanbh/duine óg
- Feitheoireacht chuí a chinntiú bunaithe de réir aoise, cumais agus gníomhaíochtaí
- Cumarsáid shoiléir a chinntiú idir an t-ealaíontóir agus an eagraíocht; treoirlínte agus leathanach spreagtha d'ealaíontóirí
- Aontú scríofa a bheith ann le haon eagraíocht sheachtrach a bhfuil an t-ealaíontóir ag obair léi
- Gan ábhair imní a chur i leataobh i.e. gan dada a dhéanamh.

**Seo a leanas na treoirlínte maidir leis an gcineál iompraíochta atá inghlactha idir an fhoireann agus na leanaí:**

- Gan páirt a ghlacadh in iompar neamhdhleathach, neamhshábháilte nó drochíde i leith leanaí, lena n-áirítear drochúsáid ghnéasach nó shíceolaíoch, drochíde, faillí nó mealltóireacht

- Ná déan agus ná glac le glaonna/téacsanna príobháideacha nuair a bhíonn maoirseacht á déanamh agat ar ghníomhaíocht leanaí

- Níor chóir leanbh amháin a thabhairt leo ina n-aonar ar thurais amhail turais chairr

- Níor chóir obair i d'aonar le leanbh. Má bhíonn ort, glac do sheisiún i dtimpeallacht oscailte le heolas agus le lántoil na bpríomhchúramóirí

- Níor chóir teagmháil fhisiceach a dhéanamh ach mar fhreagra ar riachtanais an linbh/duine óig, agus ba chóir go mbeadh sé cuí d'aois agus leibhéal forbartha an linbh. Go ginearálta, ba chóir toiliú an linbh/duine óig a lorg maidir le teagmháil fhisiceach (ach amháin i gcás éigeandála nó cás dainséarach). Anuas air sin, ní bheidh duine ar bith a oibríonn ar son Ealaín na Gaeltachta á (h)iompar féin go míchuí mar seo a leanas choíche:

    - Seachain imirt gharbh nó teagmháil mhíchuí

- Ná húsáid pionós fhisiciúil agus ná ceadaigh cumarsáid nó bagairt atá dímheasúil, táireach, dúshaothraithe, imeaglaithe, aonraithe, díobhálach go mothúchánach agus/nó go fisiciúil don leanbh/duine óg nó atá faillíoch i leanbh
- Bí cúramach faoi rudaí a deirtear agus faoin teanga a úsáidtear. Más dóigh leat gur chuir rud éigin a dúirt tú isteach ar dhuine éigin, déan iarracht leithscéal a ghabháil go cúramach tuisceanach
- Ná déan leanbh/duine óg ar leith a thoghadh le haghaidh fabhraíocht, cáineadh, magadh éagothrom, nó fócas/aird nach bhfuiltear á iarraidh
- Ná himir tionchar míchuí ar leanbh/dhuine óg ar mhaithe le tairbhe nó luach saothar pearsanta a bhaint amach
- Ná fág líomhaintí a rinne leanbh/duine óg gan taifead ná gan tuairisciú
- Ná lig d'fhadhb imeacht ó smacht
- Ná gabh in éineacht le leanbh/duine óg isteach in áiseanna leithris.

Mura gcloíonn tú leis na treoracha thuas, féachfar air sin mar shárú ar an gCód Cleachtais, agus d'fhéadfaí tús a chur le himeachtaí araíonachta agus coiriúla mar gheall air.

Tá dualgas ar gach duine cloí leis an gcód iompraíochta agus, má thugann siad faoi deara nach bhfuil duine ag cloí leis an gcód, ní mór dóibh é sin a chur in iúl do **Máire Ní Thuathail.** Leanfar cód smachtaithe más gá.

## 8. Polasaí Bulaíochta

Tá Ealaín na Gaeltachta tiomanta d'áit shábháilte agus chairdiúil a chur ar fáil do na leanaí/do dhaoine óga. Beimid ag súil go gcaithfear go measúil agus go cineálta i gcónaí le gach leanbh/duine óg agus ball foirne.

### Sainmhíniú

Sainmhíníonn an eagraíocht bulaíocht mar chiapadh leanúnach ar dhaoine eile trí **dhrochúsáid mhothúchánach, chorpartha, shíceolaíoch, ó bhéal nó cibearbhulaíocht**.

**Drochúsáid chorpartha**: Daoine a bhrú, a scríobadh, seile a chaitheamh leo, iad a chiceáil, a bhualadh, greim fiacla a bhaint astu, rudaí a thógáil nó a bhriseadh orthu, iad a leagan, dorn a bhualadh orthu nó aon chineál foréigean eile in aghaidh duine.

**Drochúsáid shíceolaíoch**: Iompraíocht a chuireann faitíos nó imní ar dhuine eile.

**Drochúsáid mhothúchánach**: A bheith neamhchineálta le duine in aon turas, nó duine a fhágáil ar lár ó ghrúpa nó a chiapadh. Mar shampla, ag fágáil duine ar lár ó chluiche nó ó ghníomhaíocht, ag cur nótaí thart fúthu nó ag magadh fúthu.

**Ó bhéal**: Leasainmneacha a ghlaoch ar dhaoine, ag déanamh a bheag de dhaoine, ag magadh nó ag úsáid focal chun ionsaí, bagairt nó masla a thabhairt. Mar shampla, ag scaipeadh ráflaí nó ag magadh faoin gcuma atá ar dhuine eile.

**Cibearbhulaíocht:** Ag cur teachtaireachtaí téacs maslacha nó ag ciapadh daoine trí mheáin shóisialta amhail Facebook, X srl.

## Nósanna Imeachta

**Níl aon ghlacadh le bulaíocht, agus tá céimeanna sonracha a leanaimid nuair a tharlaíonn bulaíocht.**

- Spreagtar na leanaí/daoine óga chun cásanna d'iompraíocht bhulaíochta a thuairisciú agus a phlé i dtimpeallacht nach bhfuil bagrach.
- Is féidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochta a bheith i gceist le bulaíocht:
    - Gníomhaíochtaí briathartha
    - Gothaí nó comharthaí
    - Gníomhaíochtaí fisiciúla
    - Earraí daoine eile a thógáil nó a bhriseadh
    - Daoine a fhágáil amach as cluichí nó aon chineál eisiamh eile
    - Cibearbhulaíocht.

Ní liosta iomlán é seo agus tá nithe eile a d'fhéadfadh tarlú a mbreathnaítear orthu mar bhulaíocht. (Breathnaigh ar Aguisín 2)

Ní mór gach cás bulaíochta a fheictear a thuairisciú chuig an DIA/LDIA a luaithe agus is féidir.

- Déanfaidh siad aon líomhaintí bulaíochta a fhiosrú. Chuige sin, d'fhéadfaí labhairt leis na leanaí/daoine óga a bhí páirteach ann, eolas faoi na daoine a bhí páirteach ann a bhailiú agus a thaifeadadh agus, i gcás cibearbhulaíochta, aon phostáil ar líne a thaifeadadh
- Déileálfar go tuisceanach le gach fiosrú bulaíochta
- Cuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi aon fhiosrú bulaíochta
- Ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus gach duine comhoibriú le haon fhiosrúchán agus cuidiú leis an tseirbhís chun aon chás a réiteach agus an caidreamh idir na páirtithe atá i gceist a thabhairt ar ais chomh maith agus is féidir, a luaithe agus is féidir
- Nuair a bheifear ag déanamh anailíse ar chásanna d'iompraíocht bhulaíochta, ní mór don duine atá i gceannas freagraí ar cheisteanna a lorg i dtaca le cén rud, cén áit, cén uair, cén duine agus cén fáth. Ní mór é sin a dhéanamh ar bhealach stuama, ag tabhairt sampla faoin mbealach le déileáil go héifeachtach le coimhlint ar bhealach nach bhfuil ionsaitheach
- I gcás ina gcinneann an duine atá i gceannas go raibh duine páirteach in iompraíocht bhulaíochta, ní mór a dhéanamh soiléir don té sin cén chaoi a bhfuil sé/sí ag sárú

bheartas frithbhulaíochta na seirbhíse agus ba chóir iarrachtaí a dhéanamh an cás ó thaobh an té a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta air/uirthi a chur ar shúile an té a bhfuil an bhulaíocht curtha ina leith.

Moltar go socródh na grúpaí éagsúla beartas i gcomhar leis na leanaí/ daoine óga.

I gcásanna ina gcinneann an duine atá i gceannas go bhfuil iompraíocht bhulaíochta tar éis tarlú, ní mór dóibh teagmháil **a dhéanamh leis an DIA/LDIA CHUN GO nDÉANFAIDH SIAD TEAGMHÁIL le tuismitheoir(í)/ caomhnóir(í)** na bpáirtithe atá i gceist chun an scéal a chur in iúl dóibh agus na gníomhaíochtaí a táthar a dhéanamh a mhíniú dóibh (trí thagairt don bheartas).

Tar éis cás bulaíochta a aithint, cuirfidh EnG idirghabháil i bhfeidhm a shocrófar de réir an chineál bulaíochta a bhí i gceist agus na leanaí/daoine óga a raibh lámh acu ann.

**D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san idirghabháil**:

- Idirbheartaíocht a dhéanamh faoi chomhaontuithe idir na leanaí/daoine óga
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh sa tseirbhís
- Idirghabháil mheantóireachta ar chairde/phiaraí
- Oibriú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí.
    - Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe a bhí gafa sa scéal, óna dtuismitheoir(í)/gcaomhnóir(í).

**Tá bac ar gach duine an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Pionós corpartha
- Aon chleachtas atá dímheasúil, táireach, bagrach, díobhálach go mothúchánach nó go fisiciúil, nó atá faillitheach
- Úsáid a bhaint as sealanna i leataobh
- Leanaí/daoine óga a chur amach as an seomra/grúpa
- Dímheas nó beag a dhéanamh de leanaí/de dhaoine óga
- Teicnící a úsáid a dhíríonn ar leanaí/ar dhaoine óga nó a náiríonn iad
- Béicíl nó glór a ardú ar bhealach míchuí
- Ní bhainfear úsáid as srianadh fisiciúil, coinneáil, mar shampla, mura mbeidh gá leis chun gortú leanaí/daoine óga eile, ball foirne nó maoin a chosc. I gcásanna a mbainfear úsáid as, déanfar an eachtra a thaifeadadh agus cuirfear an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas an lá céanna
- Bulaíocht ar aon bhealach.

### Iarchúram agus taifeadadh

- Le déanamh amach cé acu a déileáladh nó nár déileáladh mar is ceart le cás bulaíochta, caithfidh an duine atá i gceannas na cúinsí seo a leanas a chur san áireamh mar chuid dá b(h)reithiúnas gairmiúil:
    - An bhfuil aon chúinsí idir na páirtithe réitithe chomh fada agus is féidir?
    - An bhfuil an caidreamh idir na páirtithe ar ais arís chomh mór agus is féidir?
    - An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta?

**Má bhítear san amhras faoi dhrochúsáid leanaí/daoine óga, féach ar an mBeartas um Chosaint Leanaí.**

## 9. Beartas Gearáin

(Féach foirm san aguisín)

Maidir le Gearáin a dhéanamh le hEalaín na Gaeltachta, leagtar amach na nósanna imeachta seo chun gearáin a dhéanamh faoi aon ghné den tseirbhís agus conas déileáil le pé gearán a dhéantar ina leith. Tá **An Príomhfheidhmeannach** freagrach as gearáin/ráitis a chur ar aghaidh chuig an duine oiriúnach.

### Nósanna Imeachta

- Tá fáilte roimh leanaí/daoine óga agus/nó daoine fásta teacht agus labhairt le haon bhall foirne ag aon am má tá aon rud nach bhfuil tú sásta leis
- Má tá aon rud le rá agat nó aon ghearán le déanamh, inis do bhall foirne é chomh luath agus is féidir. Tá gach ball foirne ar an eolas go bhfuil nós imeachta soiléir agus sonrach i bhfeidhm chun déileáil le pé gearán a fhaightear ar bhealach rúnda
- Más leanbh/duine óg an té atá ag déanamh gearáin, déanfar an gearán a fhiosrú sa chaoi chéanna a bhfiosróimis gearán a thiocfadh isteach ó dhuine fásta
- Glacaimid go dáiríre le gach gearán agus tabharfar cluas éisteachta do gach leanbh/duine óg nó duine ar bith a dhéanann gearán. Ní mór an gearán a mhíniú, ag tabhairt gach uile eolas/sonra maidir leis an ngearán atá i gceist
- Déanfaimid iarracht feabhsúcháin a dhéanamh bunaithe ar na gearáin agus déanfar gach iarracht freagra a fháil ar aon rud atá ina chúis ghearáin agat
- Tá sé mar aidhm againn déileáil le gach gearán taobh istigh de thrí seachtaine. Coinneofar ar an eolas tú i gcónaí faoi do ghearán, inis dúinn cén bealach ar mhaith leat a bheith coinnithe ar an eolas
- Má bhíonn aon cheisteanna againn nó má theastaíonn tuilleadh eolais uainn faoi do ghearán, labhróimid leat ina thaobh

- Nuair a bheidh an fiosrúchán faoin ngearán déanta againn, cuirfimid ar an eolas tú maidir leis an méid a fuarthas amach agus na hathruithe, más ann dóibh, atáimid chun a dhéanamh mar gheall ar an ngearán
- Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra ar do ghearán, cuir ar an eolas muid agus beidh deis agat achomharc a dhéanamh
- Sa chás go ndéantar achomharc, is daoine difriúla a bheidh ag plé leis seachas an duine a bhí ag plé leis ar dtús.

## Taifead ar Ghearáin agus Rúndacht

- Ní mór taifid ar ghearáin a choinneáil. Ní roinnfear aon eolas maidir le gearáin ach amháin ar bhonn riachtanais. Ní bheidh teacht ar an ngearán ach ag baill foirne atá údaraithe
- Má bhaineann an gearán le sárú cearta daonna (leanbh/duine óg nó duine fásta) agus/nó gníomh nó iompraíocht choiriúil, caithfear na húdaráis chuí a chur ar an eolas
- Moltar taifead ar an ngearán a choinneáil ar feadh dhá bhliain ar a laghad ón dáta ar ar pléadh leis an ngearán. *[D'fhéadfadh an tréimhse sin athrú ag brath ar cheanglais dhlíthiúla eile]*

## Gearán maidir le Cosaint Leanaí

Má bhaineann an gearán le saincheist i dtaca le Cosaint Leanaí, cuirfear na nósanna imeachta atá sa **Bheartas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm láithreach**.

Déanfar atreorú cuí ar aon ghearán nach bhfuil sé de chumas ag an tseirbhís iad a fhiosrú. Mar shampla:

**Má tá cúis mhaith ag aon duine atá páirteach sa ghearán a cheapadh go ndearnadh cion coiriúil, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.** ***Má bhaineann an gearán le Sláinte agus Sábháilteacht, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé oiriúnach an tÚdarás um Shláinte agus Sábháilteacht a chur ar an eolas.***

## Gearáin lasmuigh de na treoracha seo:

- imeachtaí dlí
- nithe a bhaineann le hearcú fostaí
- gearáin gan ainm nó faoi ainmneacha bréagacha
- nithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'imscrúdú ag na húdaráis reachtúla (An Garda Síochána agus/nó TUSLA)
- nithe a bhaineann le cosaint leanaí agus imní leasa
- gearáin nach mbaineann go díreach le hobair Ealaín na Gaeltachta.

## 10. Beartas Timpistí agus Eachtraí

(Féach foirm san aguisín)

Glacaimid leis go dtarlóidh timpistí ó am go ham. Tá nós imeachta sonraithe againn chun timpistí agus eachtraí a bhainistiú. Lena chois sin, leanaimid treoirlínte dochta chun cuidiú le cosc a chur le timpistí.

Is ríthábhachtach dúinn na leanaí/daoine óga, na teaghlaigh, na baill foirne agus na cuairteoirí a úsáideann ár seirbhísí a choinneáil sláintiúil agus sábháilte. Tá dualgas orainn aire a thabhairt do shláinte agus do shábháilteacht na leanaí/daoine óga, na dteaghlach, na mball foirne agus na gcuairteoirí a úsáideann ár seirbhísí, chun timpistí agus eachtraí a chosc agus iad a bhainistiú leis na nósanna imeachta atá sonraithe.

### Nósanna Imeachta Ginearálta

Tá an duine i gceannas freagrach as na nithe seo a chinntiú:

- Go mbeidh a fhios ag gach ball foirne céard go díreach atá le déanamh i gcás timpiste, teagmhais nó gortaithe;
- Go mbeidh na baill foirne go léir ar an eolas faoin gcúram atá orthu cuidiú chun timpistí agus teagmhais a chosc;
- A chinntiú go bhfuil uimhreacha teagmhála na seirbhísí éigeandála agus an dochtúra áitiúil ar taispeáint go soiléir in áit a bhfuil fáil orthu go héasca, gar do theileafón a bhfuil fáil air go héasca;
- Go ndéanfar measúnuithe riosca agus go gcuirfear ráiteas sábháilteachta ar fáil;
- Tá ar an eagraíocht clár suas chun dáta a choimeád ina bhfuil sonraí teagmhála gach linbh / duine óg atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na heagraíochta;
- Ba chóir crostagairt a bheith ann de shonraí teagmhála na leanaí/daoine óga idir an leabhar eachtraí agus an comhad;
- Ní mór d’eagraíochtaí seachtracha a mbíonn baint ag d’eagraíocht leo cruthúnas a sholáthar go bhfuil árachas dliteanais poiblí acu;
- Ba chóir go mbeadh boscaí garchabhrach ar fáil agus go ndéanfaí athstocáil orthu go rialta;
- Ní mór an fhoireann a chur ar an eolas faoi láithreacha na mboscaí garchabhrach agus faoi Bheartas Sláinte agus Sábháilteachta na heagraíochta;
- Ní mór an fhoireann a chur ar an eolas faoi láthair na bhfoirmeacha eachtraí agus timpistí;

- Ní mór rabhadh oiriúnach a thabhairt do dhaoine óga faoin mbaol a bhaineann le hábhar contúirteach;
- Coimeád cuntas ar threalamh contúirteach agus glac céimeanna chun an baol a laghdú oiread agus is féidir;
- Beidh córas garchabhrach do thurais amach ó shuíomh baile na heagraíochta.

## Nós Imeachta i gcás timpiste nó eachtra

- Is minic a ghortaítear leanaí de sheans i rith ghnáthimeachtaí an lae. Mionghortuithe a bhíonn ina lán acu sin, scríobadh nó ballbhrú, cuir i gcás, agus cuirtear cóireáil gharchabhrach ar an duine atá gortaithe
- Déanfar measúnú ar aon ghortuithe a bheidh i gceist agus, mas gá, cuirfidh ball foirne atá cáilithe sa Gharchabhair cóir leighis ar fáil
- Má bhíonn gá le hidirghabháil leighis ón taobh amuigh, rachaidh an té atá i gceannas i dteagmháil leis an dochtúir áitiúil agus/nó glaofar ar an otharcharr
- Cuirfidh an té atá i gceannas ainm an linbh/duine óig ar fáil do na seirbhísí éigeandála mar aon le huimhreacha teagmhála agus eolas faoi aon ailléirgí/taifid leighis atá ar eolas
- Rachaidh an té atá i gceannas i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/duine óig má táthar ag tabhairt an linbh/duine óg chuig dochtúir/ospidéal nó má tá fios curtha ar na seirbhísí éigeandála
- Más féidir, rachaidh ball foirne in éineacht leis an leanbh/duine óg go dtí an Dochtúir Teaghlaigh nó go dtí an seomra éigeandála mura mbeidh fáil ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus fanfaidh leis an leanbh/duine óg nó go dtiocfaidh an tuismitheoir/caomhnóir i láthair
- Caithfear comhad an linbh/duine óig a thabhairt go dtí an Dochtúir Teaghlaigh/seomra éigeandála le haghaidh tagarth
- Cuirfidh na baill foirne a fhanfaidh ar an láthair na leanaí/daoine óga eile ar a suaimhneas agus, más gá, míneofar an timpiste do thuismitheoirí/caomhnóirí eile
- Déanfaidh na baill foirne a chonaic an timpiste an fhoirm thuairisce ar thimpiste a líonadh. Ní mór an taifead a bheith chomh cruinn agus is féidir, díreach mar a tharla sé chomh maith le síniú agus dáta. Déanfaidh an té atá i gceannas agus tuismitheoir/caomhnóir an linbh/duine óig an fhoirm sin a léamh agus a shíniú
- Míneofar an eachtra do thuismitheoirí/caomhnóirí na leanaí/daoine óga ar fad a bhí gafa sa scéal agus caithfidh gach duine acu an fhoirm thuairisce ar eachtra a shíniú agus coinneofar ar chomhad an linbh/duine óig í

- Beidh fáil éasca ag gach ball foirne ábhartha ar na taifid i gcás éigeandála
- Ní mór an **DIA agus an LDIA** a chur ar an eolas faoin eachtra chomh luath agus is féidir.

**Déileálfar le mionghortuithe ar an láthair, déanfar taifead de na timpistí agus cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin ngortú agus faoi na bearta a rinneadh nuair a bailítear an leanbh/duine óg.**

Freisin, caithfidh an duine i gceannas síniú a chur leis an taifead ag an am ar tharla an timpiste agus síneoidh tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/duine óig é nuair a chuirfear ar an eolas iad faoin timpiste.

- Caithfear gach timpiste ina mbeidh gá le hidirghabháil leighis a thuairisciú don chuideachta árachais
- Déanfar athbhreithniú agus measúnú riosca ar thimpiste. Mar thoradh ar an measúnú riosca, ceartófar aon chontúirtí gur féidir. Déanfar aon athrú a bhíonn mar thoradh ar seo a chur sa bheartas agus nósanna imeachta (má theastaíonn sé). Déanfar an t-uasdátú a roinnt le bainistíocht, an fhoireann, tuismitheoirí/caomhnóirí agus na leanaí/daoine óga.

## Gortuithe Tromchúiseacha

D'fhéadfadh gortuithe eile a bheith tromchúiseach agus gá a bheith le cóir leighis níos mó ná Garchabhair.

I gcás timpiste níos tromchúisí, níor cheart an leanbh/duine óg a bhogadh agus ba cheart iad a choinneáil te.

**Féach eolas thíos maidir le Timpistí/Gortuithe Tromchúiseacha**

Glaoigh ar 112/999 nó glaoigh ar uimhir éigeandála áitiúil má bhíonn baol báis i gceist leis an ngortú nó má bhíonn baol ann go mbeidh gortú buan ar an leanbh/duine óg/duine fásta, mar shampla:

### *Drochghortú muiníl nó cloiginn*

- Má tá aon cheann acu seo a leanas i gceist tar éis gortú cloiginn: laghdú ar an airdeall, suaitheadh intinne, tinneas cinn, urlacan, cantal nó deacracht siúil;
- Má bhíonn gearradh nó dó i gceist atá mór, domhain, ar an gcloigeann, ar an gcliabhrach nó ar an abdóman agus/nó nach féidir an cur fola a stopadh;
- Má tá dath saghas gorm, corcra nó liath ar a gcraiceann nó ar a liopaí;
- Má tá an muineál an-righin, tinneas cinn orthu agus fiabhras;
- Má tá deacracht acu anáil a tharraingt nó mura bhfuil siad in ann labhairt;
- Tachtadh;

- Suaitheadh;
- Ceimiceáin sna súile, ar an gcraiceann, nó slogtha siar;
- I mbaol a mbáite;
- Tá siad á n-iompar féin go hait, níl siad chomh haireach agus a bhíonn de ghnáth, nó tá siad i bhfad níos cúlánta ná mar a bhíonn de ghnáth;
- Tá freangaí sna lámha agus sna cosa agus tá siad gan aithne gan urlabhra (taom)
- Tá siad neamh-chomhfhiosach;
- Tá siad ag cailleadh na freagrúlachta de réir a chéile;
- Má bhíonn pian atá ag dul i méid nó atá an-dona in aon áit den chorp;
- Má tá amhras ann go bhfuil ball éigin briste;
- Urlacan dona nó leanúnach;
- Cur amach fola;
- Má tá fuil sa tuar;
- Tá siad díhiodráitithe go suntasach: na súile tite siar ina gcloigeann, gan aon fhuinneamh, gan aon deora ag teacht, gan a bheith in ann fual a dhéanamh.

## Déileáil le heachtraí idirdhealaitheacha

Is í an chéad chéim i láimhsiú eachtra ina bhfuil idirdhealú i gceist ná an rud atá ag tarlú a aithint agus a admháil.

- Cuirfear na leanaí/daoine óga go léir ar an eolas nach mbeidh aon ghlacadh le bheith ag glaoch leasainmneacha ar dhuine nó a bheith á ngortú go fisiciúil
- Déanfaidh an fhoireann gach dícheall a dhéanamh amach cén chúis a bhíonn le heachtraí ina mbíonn eisiamh nó coimhlint i gceist leo. B'fhéidir nach eachtra idirdhealaitheach a bheadh i gceist, mar sin ní mór don fhoireann a bheith cúramach gan dul i mbun tuairimíochta
- Ní mór eachtra a mheas ó dhearcadh na ndaoine aonair ar fad atá páirteach ann chomh maith leis na daoine a bhí i láthair nuair a tharla sé. Ní mór gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh, i ngrúpa díospóireachtaí, chun déileáil le heachtraí a chonaic leanaí/daoine óga nach raibh páirteach iontu
- Trí thuiscint a thaispeáint agus trínár mothúcháin a léiriú, is féidir linn cabhrú le leanaí/ daoine óga lena mothúcháin féin a léiriú

- Tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag ár ndearcthaí féin ar an gcaoi a ndéileálann muid le cás ar leith. Tuigfidh an fhoireann ar fad go bhfuil siad ag tabhairt dea-shampla do na páistí/daoine óga. Leanfaidh na leanaí/daoine óga sampla an duine fásta.

## 11. Beartas idirlín, grianghraif/ físeáin a ghlacadh de leanaí/daoine óga

Tá Ealaín na Gaeltachta tiomanta d'úsáid chuí an idirlín laistigh den tseirbhís agus tá treoirlínte soiléire againn maidir le grianghraif agus taifeadadh a ghlacadh de leanaí/daoine óga.

### Na Rioscaí

Tá fianaise ann go bhféadfaí grianghraif de leanaí/daoine óga a úsáid go míchuí. I measc na rioscaí aitheanta tá:

- D'fhéadfadh sé seo a bheith ina bhaol go ndéanfaí teagmháil mhíchuí le leanaí ó dhaoine éigin (Ní cheadaítear ainmneacha na leanaí a thaispeáint taobh lena n-íomhánna.)
- Rioscaí díreacha agus indíreacha do leanaí agus do dhaoine óga nuair a roinntear grianghraif ar shuíomhanna gréasáin agus i bhfoilseacháin le faisnéis phearsanta
- Grianghraif mhíchuí nó íomhánna taifeadta de leanaí
- Úsáid mhíchuí, nó cóipeáil mhíchuí ar íomhánna. Mar is féidir íomhánna a athrú – íomhánna á mí-úsáid as comhthéacs nó á mhodhnú ag baint úsáide as intleacht shaorga, mar shampla chun íomhánna mí-úsáide leanaí a chruthú
- Tá baol ann go gcaillfimid smacht ar a bhfuil postáilte againn agus dá bharr, tá an baol ann go ndéanfaí íomhánna/físeáin de leanaí a úsáid ar bhealaí mailíseacha ar féidir leo dochar tromchúiseach a dhéanamh, mar shampla, íomhánna de leanbh a úsáid chun físeáin agus ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a chruthú
- Bradaíl aitheantais – is féidir íomhánna in éineacht le faisnéis phearsanta a úsáid chun próifílí bréige ar líne a chruthú
- Is féidir suíomhanna gréasáin a fheiceáil ar fud an domhain agus ní hamháin in Éirinn
- Cruthaíonn sé taifead poiblí buan a bheidh ann go deo.

### Treoirlínte

**Cloífidh duine ar bith a oibríonn ar son Ealaín na Gaeltachta leis na treoirlínte seo a leanas:**

- ➢ Iarrfar cead ón tuismitheoir/gcaomhnóir má táthar ag iarraidh grianghraif a ghlacadh. Más mian linn grianghraf de leanbh/duine óg a úsáid sna meáin, ar na meáin shóisialta nó in ábhar poiblíochta. Is féidir sin a cheadú nó gan a cheadú ar na foirmeacha clárúcháin nuair atá na leanaí/daoine óga á gclárú

- Nuair a ghlactar grianghraif de ghrúpa leanaí/daoine óga, de bhreis ar an méid atá aontaithe ar an bhfoirm chlárúcháin, déanfar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/duine óig ar dtús agus gheofar toiliú scríofa
- Míneofar ar an bhfoirm an úsáid a bhainfear as na híomhánna/na físeáin m.sh, meán sóisialta amhail Facebook/Instagram/X/Linkedin/TikTok, suíomh gréasáin, foilseacháin, tuarascálacha srl. Ní mór gach áit in mbeidh na híomhánna/na físeáin á n-úsáid a lua sa chás is go roinnfear le tríú páirtithe iad, m.sh., maoinitheoirí Ealaín na Gaeltachta nó eagraíochtaí eile, ní mór ainmneacha na gcomhaltachtaí a lua (m.s. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta) mar aon le cá stórálfar iad agus cad iad na rioscaí a bhaineann le híomhánna de leanaí a roinnt
- Ba chóir a chinntiú go mbeidh na grianghraif á ndíriú ar ghníomhaíochtaí grúpa, seachas grianghraif de dhuine aonair. Go deimhin, ba chóir grianghraif ghrúpa a roghnú i gcónaí seachas pictiúir aghaidh de leanaí/daoine óga aonair
- Ní ghlacfaidh duine ar bith a oibríonn ar son Ealaín na Gaeltachta grianghraif de leanaí ar chúis ar bith seachas cúiseanna sainithe oifigiúla
- Ní luafar ainm linbh/duine óig ar bith atá i ngrianghraf
- Ní thógfar ach íomhánna de leanaí/daoine óga atá gléasta go hoiriúnach
- Ní ceart íomhánna a stóráil ar threalamh soghluaiste nach bhfuil criptithe, amhail ríomhairí glúine, méaróga cuimhne agus fóin phóca
- Ní ceart trealamh pearsanta a úsáid chun grianghraif agus taifid de leanaí/daoine óga a choinneáil, agus ní ceart ach ceamaraí agus fearais a bhaineann leis an tseirbhís a úsáid
- Caithfear úsáid mhíchuí íomhánna leanaí/daoine óga a thuairisciú don Phríomhfheidhmeannach agus breathnófar air mar shárú ar an gCód Cleachtais agus d’fhéadfadh sé go mbeadh imeachtaí araíonachta agus coiriúla mar thoradh air
- Beidh na taifeadtaí físe agus grianghraif á nglasáil ar chóras TFC, ionas nach féidir le daoine iad a úsáid gan toiliú roimh ré.

## 12. Earcaíocht

Fostóir comhdheiseanna is ea Ealaín na Gaeltachta agus tá muid tiomanta don duine is fearr a earcú don phost. Cinnteofar comhdheiseanna agus cothromas d’fhostaí. Bainfidh sé seo le hinscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, daoine den Lucht Siúil agus creideamh.

Cinnteofar go roghnófar gach fostaí go cúramach de réir an Bheartais Earcaíochta. Táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil nósanna imeachta earcaíochta cothrom, oscailte agus

trédhearcach agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht fostaíochta ábhartha. **Féadfaidh an próiseas a bheith éagsúil ag brath ar ról ar leith.**

Cinnteoimid go roghnófar baill foirne go cúramach, agus go gcuirfear oiliúint oiriúnach orthu agus go ndéanfar feitheoireacht chuí orthu, d'fhonn timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hEalaín na Gaeltachta.

**Seo a leanas na nósanna imeachta a gcloífear leo maidir le hearcaíocht:**

- Caithfidh gach iarrthóir, lena n-áirítear iarrthóirí atá fostaithe ag an gcomhlacht cheana, an gnáthphróiseas earcaíochta a leanúint maidir le haon fholúntas a thagann chun cinn
- Déanfar gach post a fhógairt go háitiúil agus ar shuíomh gréasáin Ealaín na Gaeltachta. Beidh sé soiléir sa bhfógra nach mór don iarrthóir a bheith líofa sa Ghaeilge
- Is iad EnG a dhéanfaidh an gearrliosta do na hagallaimh
- D'fhéadfadh aon duine de na daoine seo a leanas a bheith ar an bpainéal: An Príomhfheidhmeannach, An Cathaoirleach, duine nó beirt seachtrach ag brath ar an bpost. Caithfidh aon bhall den phainéal agallaimh a bhfuil aon chaidreamh pearsanta nó gairmiúil acu le haon iarrthóir é sin a chur in iúl do bhaill eile an phainéil agus ní mór cinneadh a ghlacadh cé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach dóibh leanúint ar aghaidh ar an bpainéal agallaimh
- Gheobhaidh gach duine ar an bpainéal na hiarratais agus na Curriculum Vitae roimh ré
- Beidh liosta ceisteanna réitithe bunaithe ar shonraí an phoist. Socróidh an painéal roimh ré cé a chlúdóidh gach réimse. Cuirfear na ceisteanna céanna ar gach iarrthóir Ag deireadh an agallaimh tabharfar deis don iarrthóir ceisteanna a chur nó aon eolas breise a iarraidh
- Beidh bileog scórála, chun scór an iarrthóra a mharcáil uirthi, ag gach duine den phainéal agus líonfaidh siad isteach an bhileog sin ina n-aonar. Réiteoidh an painéal tuairisc iomlán ar an bpróiseas agallaimh. Síneoidh gach ball den phainéal an tuairisc agus coinneofar an tuairisc sin ar comhad in oifigí EnG ar feadh bliana, chomh maith leis an tuairisc ar an ngearrliosta agus an bhileog scórála.

Tar éis an agallaimh:

- Tairgfear an post don iarrthóir a mbeidh an marc is airde acu ar an leathanach scórála, tar éis teistiméireachtaí a dheimhniú, ach an painéal agallaimh a bheith sásta go bhfuil an duine sin feiliúnach don phost

- Déanfar an roghnú ar an mbunús seo a leanas: oiliúint/cáilíochtaí, taithí, oiriúnacht don phost, scileanna cumarsáide, cumas oibriú le leanaí/daoine óga in aoisghrúpaí éagsúla agus cumas oibriú mar chuid d'fhoireann
- Beidh ar an iarrthóir a n-éireodh leis/léi deimhniú a shíniú nach bhfuil aon taifead coiriúil acu a chuirfeadh cosc orthu oibriú le leanaí/daoine óga
- Beidh ar gach fostaí nua cruthúnas aitheantais a chur ar fáil (pas reatha nó ceadúnas tiomána)
- Iarrfar teistiméireacht ón bhfostóir reatha nó ón bhfostóir is déanaí, agus iarrfar teistiméireacht scríofa. Seolfar litreacha leithscéil chuig na hiarrthóirí ar fad nár éirigh leo laistigh de sheachtain tar éis an agallaimh
- Faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, caithfidh gach duine a bhfuil post acu ina dtugtar cúram do dhaoine leochaileacha/soghonta nó leanaí dul faoi ghrinnfhiosrúchán. Tabharfar foirm NVB1 chun iarratas a dhéanamh ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána don té a cheapfar chun tosú ar an bpróiseas grinnfhiosrúcháin, le cinntiú go bhfuil na baill foirne oiriúnach chun oibriú le leanaí. Beidh ar iarrthóirí tuairisc Garda lasmuigh den dlínse a fháil má bhí cónaí orthu in aon limistéar/tír eile ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí
- Tabharfar conradh fostaíochta taobh istigh de sheachtain ón am a thosóidh siad sa phost
- Cuirfear an t-eolas a bheidh ag teastáil ó gach ball foirne nuacheaptha ar fáil sula socróidh siad isteach sa phost, chomh maith le cóip de ráiteas um chumhdach leanaí agus na beartais agus nósanna imeachta cuí. Beidh foirm le síniú go dtuigeann siad agus go nglacann siad leo agus beidh an taifead le cur ar a gcomhad
- Sula dtosóidh siad ina bpost, caithfidh gach ball foirne cúrsa ríomhfhoghlama *Tús Áite do Leanaí* de chuid TUSLA a chríochnú.

Sa chás go bhfaighfear nochtadh grinnfhiosrúcháin atá ina ábhar imní maidir le hiarrthóirí, caithfear measúnú riosca cuimsitheach a dhéanamh chun a dhearbhú cé acu atá nó nach bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach don phost. (Féach an Beartas Grinnfhiosrúcháin)

## 13. Beartas Grinnfhiosrúcháin

### An Reachtaíocht

De réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016, is eagraíocht ábhartha í EnG. Ciallaíonn "eagraíocht ábhartha" duine (lena n-áirítear comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine) a fhostaíonn aon duine, a dhéanann conradh le haghaidh seirbhísí le haon duine nó a cheadaíonn d'aon duine

a bheith ag obair nó ag déanamh gníomhaíochtaí rialta, agus teacht a bheith ag an duine ar leanaí/daoine óga nó ar dhaoine leochaileacha.

Sonraítear san Acht nach gceadóidh eagraíocht ábhartha d'aon duine obair nó gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanamh thar ceann na heagraíochta, mura bhfaighidh an eagraíocht nochtadh grinnfhiosrúcháin ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin i leith an duine sin. Is bealach é an Grinnfhiosrúchán chun a sheiceáil an bhfuil taifead coiriúil ag duine, nó an bhfuil aon údar a d'fhéadfadh an duine dochar nó díobháil a dhéanamh do leanaí nó ar dhaoine leochaileacha. Is é an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin de chuid An Gharda Síochána a dhéanann seiceáil ar thaifead coiriúil daoine agus a chuireann na torthaí in iúl d'eagraíochtaí a bhíonn ag obair le leanaí/daoine óga agus daoine leochaileacha.

## Cleachtas na hEagraíochta

Caithfidh an fostaí/teagascóir, tuairisc Gharda lasmuigh den dlínse a fháil má bhí cónaí air/uirthi in aon limistéar/tír eile ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí, má bhí siad 18 nó níos sine ag an am.

Caithfear grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach duine gach trí bliana.

Le linn fostaíochta, ní mór nochtadh a dhéanamh ar aon saincheist de chineál a dhéanfadh dochar don stádas atá ag an bhfostaí mar dhuine a bhfuil muinín ag daoine astu, i ndáil le páistí/daoine óga nó le daoine fásta leochaileacha – stádas atá ag an bhfostaí de bhua a phoist mar theagascóir/áisitheoir/duine a oibríonn le hEalaín na Gaeltachta.

Má bhíonn an fostaí ag teagasc/obair i láthair scoile, roinnfear torthaí an ghrinnfhiosrúcháin le Príomhoide na scoile sin.

## Ag déileáil le nochtuithe

Déanfar measúnú riosca ar aon duine a nochtar coir ina leith maidir leis an mbaol atá ann i dtaca leis an ról atá i gceist. I gcásanna áirithe, beidh an gaol idir an choir agus an ról a bhfuil siad ag cur isteach air sách soiléir le cinneadh a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine feiliúnach don phost.

**Is iad na rudaí a chuirfear san áireamh ná**:

- Cosaint Leanaí nó coireanna gaolmhara
- Coireanna in aghaidh an duine, m.sh. ionsaí, ciapadh, comhéigean
- Coireanna in aghaidh an stái
- Coireanna mealltacha, amhail gadaíocht agus/nó calaois, mar go bhféadfadh sé sin a bheith ina tháscaire iompraíochta
- Sárú iontaoibhe, m.sh. calaois
- Coireanna in aghaidh réadmhaoine, m.sh. coirloscadh, robáil armtha

- Cúisithe nó ciontuithe maidir le drugaí (go háirithe á ndíol nó á soláthar).

Mura n-aontaíonn an duine leis na sonraí a nochtadh sa ghrinnfhiosrúchán, féadfar é sin a phlé le hEalaín na Gaeltachta. Scríobh chuig an duine ábhartha agus tabhair eolas ar na cúiseanna atá agat leis an aighneas. Seolfaidh an duine ábhartha an comhad iarratais iomlán chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun é a athsheiceáil.

Agus an measúnú seo á dhéanamh, cuirfear rudaí eile san áireamh maidir leis an gcás agus déanfar doiciméadú orthu sin chun tacú leis an moladh an bhfuil an duine feiliúnach don phost a bhfuil siad ag cur isteach air. Is iad sin:

- An aois a raibh an t-iarrthóir ag an am
- An t-achar ama ó tharla an choir
- Cé chomh tromchúiseach agus a bhí an choir agus an bhfuil sé ábhartha do shábháilteacht leanaí/daoine óga
- An coir 'aon uaire' a bhí ann nó cuid de shraith ciontaithe
- An bhfuil athrú tagtha ar chúinsí an iarrthóra ó tharla na coireanna a chiallódh go bhfuil an seans ann nach dtarlódh siad arís
- Stair oibre ó tharla an choir
- An méid doilís nó a mhalairt a thaispeáin an t-iarrthóir agus an fonn atá orthu athrú.
- An phianbhreith a gearradh mar gheall ar an gcoir
- Ar thug an t-iarrthóir faoi aon chineál athshlánaithe maidir leis an gcoir a rinne siad, m.sh. láimhseáil feirge, clár cóireála drugaí
- Ag cosaint an fhostaí ó chúinsí a d'fhéadfadh deacrachtaí a chothú dóibh, m.sh. líomhaintí ina leith, srl.
- Caithfidh duine le heolas agus le hinniúlacht an measúnú riosca agus an cinneadh a dhéanamh maidir leis an té atá i gceist a fhostú nó gan a fhostú. **Ní fhostófar aon duine a mheastar gur seans gur baol iad do leanaí/daoine óga dá mbeidís ag obair leo.**

## 14. Measúnú Riosca agus Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ról ag gach ball foirne/teagascóir sa bhealach a ndéileáiltear le riosca. Tá an fhoireann bhainistíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil an beartas á chomhlíonadh. Déantar measúnuithe riosca go rialta chun aon ghuaiseacha atá i láthair a aithint.

## Ráiteas Sábháilteachta

Ullmhaítear ráiteas sábháilteachta bunaithe ar an measúnú riosca ina gcuimsítear an méid seo a leanas:

- Rioscaí a aithint
- An riosca a mheas
- Réiteach a shocrú
- Taifead a dhéanamh de na cinntí
- Athbhreithniú agus a choinneáil suas chun dáta.

## Cúrsaí Sláinte

1. Ní chóir do dhuine fásta ná daoine óga freastal ar ranganna má bhíonn siad tinn.
2. Ba chóir aon leachtanna coirp a ghlanadh agus lámhainní a chaitheamh agus na ceimicí cuí a úsáid.
3. Moltar dea-shampla a léiriú idir daoine fásta/leanaí/daoine óga maidir le sláinteachas pearsanta (lámha a ní).
4. Bíodh bosca garchabhrach leis na nithe cuí le fáil i gcónaí.

**(Féach FOIRM MEASÚNÚ RIOSCA)**

## Ag úsáid foirgneamh

Is iad na húinéirí atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear foirgneamh ar fáil i riocht shábháilte. Ba cheart dóibh measúnú riosca a dhéanamh sula mbainfidh an tríú páirtí úsáid as na háiseanna.

Liosta de na nithe ar ghá a chinntiú leis an úinéir ag tús na bliana agus ag tús gach téarma:

1. Go bhfuil an trealamh múchta tine cuí ann.
2. Go bhfuil aláram tine agus/nó aláram deataigh ann agus go bhfuil tuiscint ag na daoine fásta ar an gcóras.
3. Go bhfuil na bealaí éalaithe agus doirse i bhfearas agus nach bhfuil siad faoi ghlas.
4. Go bhfuil an t-urlár slán agus gan damáiste a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le timpiste.
5. Go bhfuil an córas leictreachais sábháilte.
6. Go bhfuil aon trealamh a bhaineann leis an úinéir i gcaoi mhaith agus sábháilte le húsáid.
7. Go bhfuil an córas teasa ag obair.

**Beidh cóip ar chomhad ag Ealaín na Gaeltachta le gach foirgneamh atá in úsáid.**

## Dea-chleachtas maidir le bheith ag obair le heagraíochtaí eile (tionscadail aon-uaire/gearrthréimhseach):

- Ó am go chéile, tiocfaidh grúpaí/eagraíochtaí le chéile agus beidh píosaí oibre le déanamh acu e.g. turais, comórtais, gníomhaíochtaí srl,
- An bhfuil beartas um chosaint leanaí ag an ngrúpa/grúpaí eile agus cén beartas a bheidh le leanúint?
- Cé hé/hí/hiad an duine ainmnithe ó gach grúpa? Cad iad na róil atá acu agus freagrachtaí (m.sh. maidir le tuairisciú) agus conas a rachaidh siad i dteagmháil le gach duine eile?
- Cén cód iompair (do dhaoine fásta agus do dhaoine óga araon) a leanfar nó an ndéanfar cód leasaithe a fhorbairt? Beidh taifead déanta de na nithe thuas.

## 15. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí (Príomhchúramóirí)

Tá Ealaín na Gaeltachta tiomanta do bheith oscailte le gach príomhchúramóir.

Chuige sin, leanaimid na prionsabail seo a leanas:

- Cuirfear príomhchúramóirí ar an eolas faoinár mbeartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí
- Cuirfear príomhchúramóirí agus scoileanna ar an eolas faoi gach imeacht agus faoi imeachtaí atá á mbeartú
- Eiseofar foirmeacha teagmhála/ceada nuair is gá sin
- Cloífear le cleachtais sláinte agus sábháilteachta
- Beartais atá dírithe ar an leanbh/duine óg, cuirfear i bhfeidhm iad de réir na gcleachtas is fearr
- Cloífear lenár nósanna imeachta earcaíochta
- Cinnteofar, an oiread agus is féidir, go n-oireann gníomhaíochtaí d'aois na leanaí/ndaoine óga
- Brostófar agus éascófar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí, na gcúramóirí nó na n-aosach freagrach de réir mar a oireann.

## Athbhreithniú Polasaithe agus Nósanna Imeachta i bhfeidhm

Máire Ní Thuathail Uí Laoi
Oifigeach Ealaíon don Óige
Ealaín na Gaeltachta
f/ch Údarás na Gaeltachta
na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

T. 087 7806007
m.nithuathail@udaras.ie

| | |
|---|---|
| Úasdátaithe: Iúil 2026 | Dáta athbhreithnithe: Iúil 2028 |
| Freagrach as cur i bhfeidhm | Bainisteoir agus Foireann/Teagascóirí/Cúntóirí Ranga/Áisitheoir & Ealaíontóir ar bith atá ag obair le daoine óga ar son Ealaín na Gaeltachta |
| Ceadaithe: [Dáta] | Bord Ealaín na Gaeltachta |

Sínithe ______________________________ Dáta ________________________

# Aguisín 1: Sainmhíniú ar Drochúsáid Leanaí

**Bunaithe ar Chaibidil 2 de Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017**

Maidir leis na ceithre phríomhchineál drochúsáide agus conas is féidir drochúsáid agus faillí a aithint, ní mór don fhoireann go léir a bheith ar an eolas faoin bhfaisnéis seo le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

## Faillí

Tarlaíonn an fhaillí nuair nach bhfaigheann leanbh/duine óg dóthain cúraim ná maoirseachta sa mhéid agus go ndéantar díobháil choirp nó forbartha don leanbh. Sainmhínítear í go ginearálta i dtéarmaí an chúraim, ina mbíonn sláinte, forbairt nó leas an linbh lagaithe de bharr easpa bia, éadaí, teasa, sláinteachais, cúraim leighis, spreagtha intleachtúil nó maoirseachta agus sábháilteachta.

Féadann faillí mhothúchánach teacht freisin ó dheacrachtaí ceangail a bheith ag an leanbh/duine óg. Tá réimse fachtóirí ann a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar mhéid na díobhála ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas an linbh a dhéantar. Ar na fachtóirí sin tá méid an dea-thionchair ar shaol an linbh/duine óig, más ann dó, chomh maith le haois an linbh/duine óig agus minice agus comhsheasmhacht na faillí.

Baineann an fhaillí leis an mbochtanas, ach ní hamhlaidh gurb é an bochtanas is cúis léi. Tá baint láidir aici le drochúsáid substaintí ag tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an bhforéigean teaghlaigh, le meabhairghalar tuismitheora/caomhnóra agus/nó le míchumas.

Bheadh imní réasúnta faoi leas an linbh/duine óig ann má éiríonn an fhaillí ina gné choitianta sa ghaol idir an leanbh/duine óg agus an tuismitheoir/caomhnóir. Seans gur léir é seo ón leanbh/duine óg a fheiceáil ar feadh tréimhse, nó b'fhéidir go mbeadh iarmhairtí na faillí follasach tar éis an leanbh a fheiceáil uair amháin.

**Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh le faillí linbh/duine óig:**

- Leanaí fágtha ina n-aonar gan dóthain cúraim agus/ná maoirseachta
- Míchothú, easpa bia, bia mí-oiriúnach nó beathú neamhrialta
- Gan forás ar chúis neamhorgánach, is é sin, gan méadú a bheith ag teacht ar an meáchan, ní hamháin de bharr míchothaithe ach de bharr díothachta mothúchánaí freisin
- Gan dóthain soláthair a bheith á dhéanamh do riachtanais leighis agus forbartha an linbh, lena n-áirítear spreagadh intleachtúil
- Coinníollacha cónaithe easnamhacha - coinníollacha míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear easpa teasa agus dóthain troscáin
- Easpa éadaí cuí

- Neamhaird ar shláinteachas bunúsach
- Easpa cosanta agus an leanbh a ligean i gcontúirt, lena n-áirítear contúirt mhorálta, nó easpa maoirseachta atá cuí d'aois an linbh/duine óig
- Loiceadh leanúnach ar fhreastal scoile
- Tréigean nó fágáil

## Drochúsáid mhothúchánach

Is ionann drochúsáid mhothúchánach agus drochíde chórasach mhothúchánach nó shíceolaíochta an linbh/duine óig mar chuid den chaidreamh foriomlán idir an cúramóir agus an leanbh/duine óg. Ní mheastar deacrachtaí aon uaire ná deacrachtaí a tharlaíonn anois is arís idir tuismitheoir/caomhnóir agus leanbh/duine óg mar dhrochúsáid mhothúchánach.

Tarlaíonn drochúsáid nuair nach sásaítear riachtanas bunúsach an linbh/duine óig maidir le haird, cion, dearbhú, comhsheasmhacht agus slándáil de bharr éagumais nó neamhshuim a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Is féidir leis an drochúsáid mhothúchánach tarlú nuair a bhíonn an duine fásta atá freagrach as cúram a thabhairt don leanbh neamheolach agus gan bheith ábalta (ar réimse cúiseanna) éilimh mhothúchánacha agus forbartha a linbh a shásamh.

Níl sé éasca drochúsáid mhothúchánach a aithint toisc nach bhfeictear na héifeachtaí go furasta. Beidh imní réasúnta faoi leas an linbh/duine óig i gceist nuair a éiríonn an t-iompar ina ghné choitianta sa chaidreamh idir an leanbh/duine óg agus an tuismitheoir/caomhnóir.

**Is féidir an drochúsáid mhothúchánach a aithint i gcuid de na bealaí seo a leanas:**

- Diúltú
- Easpa compoird agus grá
- Easpa ceangail
- Easpa spreagtha iomchuí (m.sh spraoi agus súgradh)
- Easpa leanúnachais chúraim (m.sh. gluaiseachtaí rialta, go háirithe cinn neamhphleanáilte)
- Easpa leanúnach molta agus spreagtha
- Cáineadh, searbhas, naimhdeas nó milleán leanúnach ar an leanbh/duine óg
- Tromaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach ina mbraitheann cúram nó cion ar an leanbh/duine óg ar a gcuid iompair nó gníomhartha
- Róchosantacht mhíchuibheasach

- Pionós neamhchorpartha míchuí (m.sh. leanbh/duine óg a chur faoi ghlas i seomra leapa)
- Coimhlintí leanúnacha teaghlaigh agus foréigean teaghlaigh
- Éilimh ainmheasartha a dhéanamh ar leanbh/ar dhuine óg i gcoibhneas lena n-aois agus lena gcéim forbartha

Ní bheidh comharthaí fisiciúla ar bith den drochúsáid mhothúchánach le sonrú mura dtarlaíonn sí in éineacht le cineál drochúsáide éigin eile. Féadtar comharthaí na drochúsáide mothúchánaí a fheiceáil i leanbh/duine óg trína mbearta nó trína mothúcháin ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin taobhú éadaingean, míshonas, lagmheas orthu féin, tearcghnóthachtálaí oideachasúla agus forbartha, róthugtha do dhul sa seans agus iompar ionsaitheach.

Ní mór a thuiscint nach mbíonn táscaire ar bith ina fhianaise dhochloíte le drochúsáid mhothúchánach. Is dóichí ná a mhalairt go mbeidh drochúsáid mhothúchánach chun aimhleasa linbh/duine óg má mhaireann sí ar feadh i bhfad agus má bhíonn easpa fachtóirí cosantacha eile i gceist.

## Drochúsáid chorpartha

Tarlaíonn drochúsáid chorpartha aon uair a dhéanann duine éigin díobháil chorpartha do leanbh/dhuine óg d'aon ghnó, nó aon uair a chuirtear an leanbh/duine óg i mbaol a ghortaithe go corpartha. D'fhéadfadh sé gur eachtra amháin a bheadh ann nó patrún d'eachtraí. Bíonn imní réasúnta ann má dhéantar díobháil, nó go bhféadfadh díobháil a bheith déanta, do shláinte agus/nó d'fhorbairt an linbh/duine óig mar gheall ar dhrochúsáid chorpartha a bhfuiltear san amhras faoi.

**Is féidir na gnéithe seo a leanas a áireamh le drochúsáid chorpartha:**

- Pionós corpartha
- Greadadh, buille boise, bualadh nó ciceáil
- Brú, creathadh nó caitheamh
- Baint liomóg, baint plaice, tachtadh nó tarraingt gruaige
- An iomarca fórsa a úsáid le láimhsiú
- Nimh a thabhairt do dhuine d'aon ghnó
- Plúchadh
- Tinneas cumtha/spreagtha
- Ciorrú baill ghiniúna mná

## Drochúsáid ghnéasach

Tarlaíonn drochúsáid ghnéasach nuair a bhaineann duine éigin eile leas as leanbh/duine óg dá shásamh nó dá spreagadh gnéasach, nó do shásamh nó spreagadh daoine eile. Áirítear leis sin baint a bheith ag an leanbh/duine óg le gníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treá) nó nochtadh an linbh/duine óig do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó trí phornagrafaíocht.

Is féidir le speictream leathan gníomhaíochtaí drochúsáide a bheith i gceist le drochúsáid ghnéasach leanaí. Is annamh gur eachtra amháin a bhíonn i gceist agus tarlaíonn sé ar feadh blianta i roinnt cásanna. Is laistigh den teaghlach a tharlaíonn an drochúsáid ghnéasach go minic agus uaireanta is iad siblíní níos sine nó daoine muinteartha a dhéanann í.

Tagann cásanna de dhrochúsáid ghnéasach chun solais den chuid is mó nuair a thuairiscíonn an leanbh/duine óg féin nó siblíní/cairde í; nuair a léiríonn duine fásta amhras fúithi, agus/nó nuair a fhágtar loirg fhisiciúla.

Ní mór a thuiscint gur féidir le gníomhaíocht ghnéasach le leanbh/duine óg a bheith ina drochúsáid ghnéasach fiú mura n-aithníonn an leanbh/duine óg féin gur drochúsáid atá i gceist.

**Áirítear na samplaí seo a leanas mar dhrochúsáid ghnéasach ar leanaí:**

- Gníomh gnéasach ar bith a dhéantar d'aon ghnó i láthair linbh/duine óig
- Cuireadh chun méirínteachta gnéasaí nó méirínteachta nó ainteagmhála d'aon ghnó ar chorp linbh/duine óig, bíodh sí ag duine nó ag rud éigin chun críche an spreagtha nó an tsásaimh ghnéasaigh
- Glacaireacht i láithreacht linbh/duine óig nó baint a bheith ag leanbh le gníomh glacaireachta
- Comhriachtain ghnéasach le leanbh/duine óg, bíodh sé sin ina gnéas béil, faighne nó tóna
- Dúshaothrú gnéasach ar leanbh/duine óg, lena n-áirítear cuireadh, spreagadh nó comhéigniú linbh/duine óig chun a bheith páirteach i:
    - Striapachas nó i dtáirgeadh pornagrafaíochta leanaí, mar shampla, nochtadh, mainicíneacht nó galamaisíocht chun críche spreagtha nó sásaimh ghnéasaigh, nó gníomh gnéasach éigin, lena n-áirítear taifeadadh (ar scannán, fístéip nó meáin eile) nó mí-ionramháil chuige sin, d'íomhá le ríomhaire nó ar bhealach éigin eile
- Cuireadh a thabhairt, comhéigniú a dhéanamh nó spreagadh a thabhairt do leanbh a bheith páirteach in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil, nó chun féachaint orthu

- Ábhar gáirsiúil a thaispeáint do leanaí/daoine óga mar is minic a bhíonn sé sin ina ghné den phróiseas ‘mealltóireachta’ a chleachtann daoine a dhéanann drochúsáid
- teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide a úsáid chun leanbh/duine óig a nochtadh d’ábhar míchuí nó drochúsáide trí theicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil ina mbíonn duine fásta agus duine faoi aois páirteach

## Bulaíocht

Aithnítear gur i méid atá líon na leanaí/na ndaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu ag dul agus is féidir leis sin imní mhór a chur ar dhaoine faoi leas linbh/duine óig.

Leagtar amach in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017* gur féidir an bhulaíocht a shainmhíniú mar ionsaí a tharlaíonn arís agus arís eile – bíodh sé i bhfoirm íde béil, síceolaíochta nó fhisiciúil – a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne daoine eile. In *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017*, déantar cur síos ar bhulaíocht mar iompar a bhíonn cráiteach agus imeaglach d’aon toil, agus tarlaíonn sí den chuid is mó i measc leanaí/daoine óga i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna. Áirítear léi nósanna iompair amhail ionsaithe fisiciúla, an chibearbhulaíocht, damáiste do mhaoin, imeagla, leithlisiú/eisiamh, maslú, béadán mailíseach agus sracadh. Is féidir leis an mbulaíocht a bheith mar dhrochúsáid freisin bunaithe ar aitheantas inscne, rogha ghnéasach, cine, eitneachas agus cúiseanna reiligiúnacha. Is amhlaidh, i gcás na bhforbairtí sa teicneolaíocht nua-aimseartha, gur féidir le leanaí a bheith ina n-íospartaigh freisin ag an mbulaíocht neamhtheagmhálach, trí mheán na bhfón póca, an idirlín agus na ngaireas pearsanta eile.

Cé gur féidir bulaíocht a dhéanamh ar leanbh/ar dhuine óg ar bith, féadann cuid acu a bheith níos leochailí ná a chéile ina leith. Orthu seo tá leanaí/daoine óga faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; iad siúd ar de mhionghrúpaí eitneacha agus imirceacha nó den Lucht Siúil iad; leanaí/daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LGBT) agus iad siúd a fheictear do dhaoine gur leanaí/daoine óga LGBT iad; agus leanaí/daoine óga ó chreidimh reiligiúnacha mionlaigh.

Féadann níos mó leochaileachta a bheith ann i gcás tromaíochta a dhéantar ar leanaí/daoine óga a bhfuil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is mó seans go mbeidh sé seo i gceist ina measc siúd nach dtuigeann leideanna sóisialta agus/nó a bhfuil deacrachtaí cumarsáide acu. B’fhéidir nach mbeadh tuiscint ag roinnt leanaí/daoine óga, a bhfuil riachtanais chasta acu, ar imthosca sóisialta, agus go gcuirfidís muinín iomlán i ngach aon duine. Féadann na leanaí/daoine óga sin a bheith níos leochailí toisc nach mbíonn na hinniúlachtaí ná na hacmhainní sóisialta céanna acu agus a bhíonn ag leanaí/daoine óga eile chun iompar tromaíochta a aithint agus iad féin a chosaint ina choinne. Tugtar le fios sa taighde go mbíonn níos mó seans ann go ndéanfar tromaíocht ar leanaí/ar dhaoine óga atá faoi mhíchumas agus orthu siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ná ar leanaí/daoine óga eile. Fuarthas

go bhfuil tromaíocht homafóbach agus thrasfóbach (tromaíocht dírithe orthu siúd ar LADT iad nó a mheastar ar LADT iad) forleathan freisin agus fianaise ann go bhfuil deacracht ar leith ag daltaí dá leithéid labhairt amach faoi iompar tromaíochta nó é a thuairisciú.

Luaitear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017* gur féidir le tromaíocht sna scoileanna a bheith ina fadhb ar leith de bharr go gcaitheann leanaí/daoine óga go leor dá gcuid ama ar scoil, agus go mbíonn siad i ngrúpaí sóisialta móra. Sainmhínítear an bhulaíocht mar *"drochíde, béil, shíceolaíoch nó fhisiceach gan iarraidh a dhéanann duine aonair nó grúpa i gcoinne duine eile (nó daoine) agus a athdhéantar le himeacht ama"*. I gcomhthéacs na Nósanna Imeachta Frith-Bhulaíochta, meastar gur iompar bulaíochta freisin é *"teachtaireacht phoiblí nó íomhá nó ráiteas aon uaire atá gránna nó mailíseach a chur ar shuíomh líonra sóisialta nó ar fhóram poiblí eile ionas gur féidir le daoine eile an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil agus/nó a athchruthú"*.

Ba chóir go mbeadh an lucht foirne scoile ar an eolas faoi bheartas frith-bhulaíochta na scoile agus na nósanna imeachta atá le leanúint maidir le haon teagmhas bulaíochta a líomhnaítear.

Foráiltear *in Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017* agus sna Nósanna Imeachta Frith-Bhulaíochta, i gcásanna a bhaineann le tromaíocht thromchúiseach nuair a mheastar go bhféadfadh iompar a bheith drochídeach, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí atreorú chuig TUSLA nó chuig an nGarda Síochána de réir mar is cuí. I gcás ina bhfuil imní ar an lucht foirne scoile faoi leanbh/duine óg a eascraíonn as iompar bulaíochta a líomhnaíodh, ach nach bhfuil sé/sí cinnte faoin ábhar a thuairisciú do TUSLA, iarrfaidh an DIA comhairle ó TUSLA, de réir na nósanna imeachta.

## Aguisín 2: Sonraí Teagmhála TUSLA

**Uimhreacha Teagmhála Foirne Oibre Sóisialta ar Dualgas/Pointí Teagmhála Tiomnaithe Soláthraíonn oibrithe sóisialta seirbhísí tosaigh do leanaí agus do theaghlaigh.**

| **Cliceáil ar do chontae thíos le haghaidh sonraí teagmhála Oibrithe Sóisialta sa Gníomhaireachta um Leanaí agus Teaghlaigh** | | | |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | Ciarraí | Louth | Sligo |
| Cavan | Kildare | Maigh Eo | Tipperary |
| Clare | Kilkenny | An Mhí | Port Láirge |
| Corcaigh | Laois | Monaghan | Westmeath |
| Dún na nGall | Leitrim | Offaly | Wexford |
| Dublin | Limerick | Roscommon | Wicklow |
| Gaillimh | Longford | | |

## Aguisín 3: Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí

Is féidir teacht ar leagan MS Word den Fhoirm Thuairisce ar Mhí-Úsáid Chúlghabhálach ag http://www.TUSLA.ie/children-first/publications-and-forms/

**Comhlánaigh le do thoil**

**Tá réimsí a bhfuil * in aice leo éigeantach.**

TUSLA An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Child and Family Agency

**Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí**

***DAOINE FAOI SHAINORDÚ AGUS DAOINE NACH BHFUIL FAOI SHAINORDÚ***

***(An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, & An Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí)***

| | |
|---|---|
| **1. Limistéar TUSLA (an áit a bhfuil cónaí ar an leanbh/duine óg)*** | |

| | |
|---|---|
| **2. Dáta na Tuairisce*** | |

**3. Sonraí an Linbh/Duine Óig**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm*** | | **Sloinne*** | |
| **Fear*** | ☐ | **Bean*** | ☐ |
| **Seoladh*** | | **Dáta Breithe*** | |
| | | **Aois Mheasta*** | |
| | | **Ainm na Scoile** | |
| | | **Seoladh na Scoile** | |
| **Éirchód** | | | |

**4. Sonraí maidir le hÁbhair Imní***

| |
|---|
| Comhlánaigh an chuid seo a leanas le do thoil leis an oiread sonraí agus is féidir maidir leis an ábhar imní nó an líomhain ar leith i ndáil le cosaint nó leas an linbh/duine óig. Cuir dátaí, amanna, sonraí teagmhais agus ainmneacha duine ar bith a thug aon teagmhas faoi deara. |

| |
|---|
| Cuir dearcadh an linbh/duine óig agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí san áireamh, más eol duit. Ceangail bileoga breise le do thoil, más gá. |
| Féach ***'A Guide for the Reporting of Child Protection and Welfare Concerns'* chun tuilleadh cúnaimh a fháil faoi na céimeanna nach mór a bhreithniú nuair a bhíonn tuairisc á déanamh do TUSLA.** |

**5. Cineál an Ábhair Imní**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Imní faoi Leas Leanaí** | ☐ | | |
| **Mí-Úsáid Mhothúchánach** | ☐ | **Mí-Úsáid Fhisiciúil** | ☐ |
| **Faillí** | ☐ | **Mí-Úsáid Ghnéis** | ☐ |

**6. Sonraí an Tuairisceora**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | |
| **Seoladh**<br>Má tá tú ag tuairisciú i gcáil ghairmiúil, bain úsáid as do sheoladh ghairmiúil | | **Eagraíocht** | |
| | | **Post** | |
| | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| **Éirchód** | | **Seoladh Rphoist** | . |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An Tuairisc Shainordaithe í seo faoi Alt 14, An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015?*** | Is ea | ☐ | Ní hea | ☐ |
| **Cineál an Duine Sainordaithe** | | | | |

**7. Sonraí na nDaoine eile sa chás ina bhfuil Comhthuairisc á déanamh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | |
| **Seoladh**<br><br>Má tá tú ag tuairisciú i gcáil ghairmiúil, bain úsáid as do sheoladh ghairmiúil | | **Eagraíocht** | |
| | | **Post** | |
| | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| **Éirchód** | | **Seoladh Rphoist** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | |
| **Seoladh**<br><br>Má tá tú ag tuairisciú i gcáil ghairmiúil, bain úsáid as do sheoladh ghairmiúil | | **Eagraíocht** | |
| | | **Post** | |
| | | **Uimh. Fón Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| **Éirchód** | | **Seoladh Rphoist** | |

**8. Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an Eolas faoin Tuairisc**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh/duine óig ar an eolas go bhfuil an t-ábhar imní á thuairisciú chuig TUSLA?*** | Tá | ☐ | Níl | ☐ |
| **Mura bhfuil an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas, luaigh na cúiseanna:** | | | | |

**9. Gaolta**

| Sonraí na Máthar | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | |
| **Seoladh** | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| | | **Seoladh Rphoist** | |
| **Éirchód** | | | |

| **An Caomhnóir Dlíthiúil í an Mháthair?*** | Is ea | ☐ | Ní hea | ☐ |
|---|---|---|---|---|

| Sonraí an Athar | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | |
| **Seoladh** | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| | | **Seoladh Rphoist** | |
| **Éirchód** | | | |

| **An Caomhnóir Dlíthiúil é an tAthair?*** | Is ea | ☐ | Ní hea | ☐ |
|---|---|---|---|---|

**10. Comhdhéanamh an Teaghlaigh**

| Céadainm | Sloinne | Gaol | Dáta Breithe | Aois Mheasta | Eolas Breise e.g. scoil, slí bheatha, eile |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**11. Sonraí an Duine (na nDaoine) a Líomhnaítear go ndearna sé/sí Díobháil**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm*** | | **Sloinne*** | |
| **Fear*** | ☐ | **Bean*** | ☐ |
| **Seoladh** | | **Dáta Breithe** | |
| | | **Aois Mheasta** | |
| | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| **Éirchód** | | **Seoladh Rphoist** | |
| **Slí Bheatha** | | **Eagraíocht** | |
| **Post** | | | |

| | |
|---|---|
| **Gaol leis an Leanbh** | |
| **Seoladh ag an am ar tharla an teagmhas a líomhnaíodh** | |
| **Mura bhfuil an t-ainm ar eolas, sonraigh an chúis** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céadainm*** | | **Sloinne*** | |
| **Fear*** | ☐ | **Bean*** | ☐ |
| **Seoladh** | | **Dáta Breithe** | |
| | | **Aois Mheasta** | |
| | | **Uimh. Fóin Póca** | |
| | | **Uimh. Theileafóin** | |
| **Éirchód** | | **Seoladh Rphoist** | |
| **Slí Bheatha** | | **Eagraíocht** | |
| **Post** | | | |

| | |
|---|---|
| **Gaol leis an Leanbh** | |
| **Seoladh ag an am ar tharla an teagmhas a líomhnaíodh** | |
| **Mura bhfuil an t-ainm ar eolas, sonraigh an chúis** | |

**12. Ainm agus Seoladh Eagraíochtaí, Pearsanra nó Gníomhaireachtaí eile arb eol go bhfuil baint acu leis an Teaghlach nó go raibh baint acu leis an Teaghlach**

| Gairm | Céadainm | Sloinne | Seoladh | Uimhir Theagmhála | Teagmháil le Déanaí<br><br>e.g. 3/6/9 mí ó shin |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibrí Sóisialta | | | | | |
| Altra Sláinte Poiblí | | | | | |
| Dochtúir Ginearálta | | | | | |
| Ospidéal | | | | | |
| Scoil | | | | | |
| Gardaí | | | | | |
| Réamhscoil/ naíolann | | | | | |
| Eile | | | | | |

**13. Aon Eolas Ábhartha Eile, lena n-áirítear aon Teagmháil Roimhe Seo leis an Leanbh nó leis an Teaghlach**

**Cinntigh le do thoil gur thug tú le fios cibé an tuairisc shainordaithe í an fhoirm seo nó nach ea i gcuid.**

**Go raibh maith agat as an bhfoirm thuairisce a chomhlánú.**

**www.Agus an fhoirm seo á comhlánú agat tá sonraí á tabhairt agat fút féin agus faoi dhaoine eile. Tagann sonraí amhail ainm, seoladh agus dáta breithe faoin sainmhíniú ar 'Shonraí Pearsanta' sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá freagracht ar TUSLA faoi na hAchtanna sin, ina chumas mar Rialaitheoir Sonraí, i measc nithe eile, na sonraí sin a fháil agus a phróiseáil go cothrom; é a choinneáil slán agus sábháilte; agus é**

| |
|---|
| **a choinneáil chun críche dleathaí sonraithe. Is é an cuspóir sin ár bhfreagracht reachtúil a chomhlíonadh faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, chun cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn. Féadfaidh TUSLA, le linn an tuairisc seo a mheas, Sonraí Pearsanta den sórt sin a nochtadh chuig gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear An Garda Síochána. Is féidir tuilleadh sonraí faoi fhreagrachtaí TUSLA mar Rialaitheoir Sonraí agus do chearta maidir le hÁbhar Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin, www.tusla.ie. Ó tharla go bhfuil Sonraí Pearsanta á soláthar agat faoi dhaoine eile, is Próiseálaí Sonraí tú. Iarraimid nach soláthraíonn tú ach amháin na sonraí sin is gá don tuairisc agus go ndéanann tú an tuairisc seo agus na Sonraí Pearsanta atá inti a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe, nochtadh, scrios nó cailliúint de thaisme.** |

**14. Le Comhlánú ag Duine arna údarú ag TUSLA nuair a fhaightear an Tuairisc**

| **Tuairisc Faighte ag** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | | **Dáta** | |

| **Tuairisc Shainordaithe Admhaithe ag** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céadainm** | | **Sloinne** | | **Dáta a Seoladh** | |

| **Síniú an Duine Údaraithe*** | |
|---|---|
| **Dáta*** | |

| **Eolas ar an Leanbh Roimhe seo** | **Tá** | ☐ | **Níl** | ☒ |
|---|---|---|---|---|
| **Cás-uimhir Leithdháilte** | | | | |

**Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí (CPWRF) – Treoirnótaí – Samhain 2017:**
Tá sé de fhreagracht reachtúil ar TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach faoin Acht um Chúram Leanaí, 1991, agus an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, cosaint agus leas leanaí a chur chun cinn. Tá sé de dhualgas ar TUSLA dá réir sin faisnéis a fháil faoi leanbh ar bith nach bhfuil cúram agus/nó cosaint leordhóthanach á fháil aige nó aici. Ní mór tuairiscí a dhéanamh ag baint úsáide as an bhFoirm Thuairisce leictreonach ar Chosaint agus Leas Leanaí, atá ar fáil ag http://www.TUSLA.ie/children-first/publications-and-forms

Tá an fhoirm seo le húsáid ag:

- Aon duine gairmiúil, duine aonair nó grúpa atá páirteach i seirbhísí do leanaí, lena n-áirítear pearsanra TUSLA, a thagann ar an eolas faoi ábhar imní maidir le cosaint nó leas leanaí, nó lena ndéantar ábhar imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú;
- Daoine gairmiúla agus daoine aonair a bhfuil baint acu le soláthar seirbhísí cosanta leanaí agus seirbhísí a bhaineann le leas an phobail a bhfuil conarthaí seirbhíse acu le TUSLA;
- Daoine sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, mar a shonraítear i Sceideal 2 den Acht;
- Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe in aon eagraíocht;
- Aon duine den phobal a bhfuil imní air nó uirthi maidir le cosaint nó leas leanaí a gcreideann siad ba chóir a thuairisciú chuig TUSLA.

Comhlánaigh an oiread eolais agus mionsonraí agus atá ar eolas agat. Cuideoidh sé seo le TUSLA agus le Roinn na hOibre Sóisialta an tuairisc a scagadh, measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca agus, nuair is gá, stádas tosaíochta a shannadh don chás. Mura bhfuil an t-eolas a iarrtar ort ar eolas agat, cuir é sin in iúl trí líne a chur tríd an gceist. Is dócha go ndéanfaidh oibrí sóisialta teagmháil leat chun do thuairisc a phlé.

**I gcuid 6 den fhoirm**, caithfidh tú a léiriú cibé acu an tuairisc shainordaithe í an tuairisc nó nach ea, agus, más ea, caithfidh tú do chatagóir gairme a chur in iúl faoi "Cineál an Duine Sainordaithe".
Tá sé mar aidhm ag TUSLA oibriú i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile.
Má tá an tuairisc seo á déanamh agat faoi rún, ba cheart duit a thabhairt ar aird nach féidir le TUSLA rúndacht iomlán a dheimhniú ar na cúiseanna seo a leanas:

- D'fhéadfadh Cúirt a ordú go nochtfaí an fhaisnéis;
- Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, féadfaidh an Coimisinéir Faisnéise a ordú go nochtfaí faisnéis;

- Tá aon duine a bhfuil líomhaintí mí-úsáide á ndéanamh ina c(h)oinne i dteideal nós imeachta cóir; ach d'fhéadfadh sé gur gá go mbeadh an ceart sin tánaisteach maidir le cosaint leanaí atá i mbaol, áfach. Baineann an ceart maidir le nós imeachta cóir le daoine fásta, déagóirí agus leanaí a bhfuil líomhaintí á ndéanamh ina gcoinne chomh maith. Ba chóir duit a thabhairt ar aird freisin, nuair a dhéanann tú tuairisc 'bona fide', tá tú faoi chosaint faoin Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998.
  Ní mór aird a thabhairt freisin ar fhreagrachtaí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád), 2012, atá i dteannta le haon riachtanas tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 nó faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí.
  Mura bhfuil tú cinnte cibé ar chóir duit d'ábhair imní a thuairisciú nó nár chóir, cuir glaoch ar oibrí sóisialta TUSLA ar dualgas agus pléigh na hábhair imní leo (féach http://www.TUSLA.ie/services/child-protection-welfare/contact-a-social-worker/ chun sonraí teagmhála áitiúla a fháil).
  Is féidir teacht ar leagan MSWord den Fhoirm Thuairisce ar Mhí-Úsáid Chúlghabhálach ag http://www.TUSLA.ie/children-first/publications-and-forms/

## Aguisín 4: Foirm Ábhar Imní

**FOIRM ÁBHAR IMNÍ**

**1.** Ainm ionaid

**2.** Ainm DIA

**3.** Ainm an t-oibrí a bhfuil ábhar imní acu

**4.** An duine sainordaithe an t-oibrí?
(cuir tic sa bhosca ábhartha le do thoil

☐ SEA ☐ NÍ HEA

**5.** Ról an oibrí

**6.** Ainm an linbh/duine óig

**7.** Dáta breithe an linbh/duine óig

**8.** Cineál an imní a bhaineann leis an leanbh/duine óg

**9.** Ar labhair an t-oibrí nó an DIA le tuismitheoir/caomhnóir an linbh/duine óig faoin imní?

Labhair ☐ Níor labhair ☐

Ainm an Duine a labhair le tuismitheoir/caomhnóir

| | |
|---|---|
| Ról | |
| Síniú | |

**10. Má labhair**, cén toradh a bhí ar an gcomhrá sin?

**Munar labhair** – déan taifead le do thoil ar cén fáth nár cuireadh an tuismitheoir ar an eolas faoin imní seo:

Síniú ___________________________Dáta ___________________

**TÁ AN CHUID SEO LE COMHLÁNÚ AG AN DIA TAR ÉIS AN EACHTRA A PHLÉ LEIS AN OIBRÍ A BHFUIL IMNÍ AIR**

**11.** An ndearna an DIA athbhreithniú ar Fhoirmeacha Imní Taifeadta roimhe seo le fáil amach an bhfuil imní eile ann a bhaineann leis an leanbh/duine óg seo nó le siblín an linbh/duine óig seo?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

**12**. Cad iad na chéad chéimeanna eile atá ag an tseirbhís chun tacú leis an leanbh/duine óg agus/nó leis an tuismitheoir/caomhnóir/teaghlach?

Síniú ________________________________ Dáta________________________________

## Aguisín 5: Dualgais a bhaineann le baill nua foirne

- Páirt a ghlacadh i seisiún ionduchtaithe oiliúna a bheidh riachtanach;
- Bheith ar an eolas faoi chód iompair na heagraíochta, nósanna imeachta i dtaobh cosaint leanaí, agus faoi ainm agus ról an té atá ceaptha chun déileáil le ceisteanna i gcásanna ar leith;
- Tréimhse thrialach nó phromhaidh a chur isteach;
- Déanfar feitheoireacht chuí orthu féin agus athbhreithniú oiriúnach ar a gcuid cleachtas oibre;
- Caithfidh siad an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Beartais agus Nósanna Imeachta a léamh agus a shíniú;
- Cuirfear oiliúint i gcosaint leanaí ar fáil dóibh.

Tá físeán gairid ar fáil chun buneolas a fháil ar Chlár Ríomhfhoghlama TUSLA:
https://www.youtube.com/watch?v=HjitN5EWQvo

Tá raon modúl ríomhfhoghlama agus acmhainní eile ar fáil ag TUSLA ar a shuíomh gréasáin.

Áirítear leo sin:

**> Modúl Ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí**: https://www.TUSLA.ie/children-first/children-first-e-learning-programme Tairgeann TUSLA clár ríomhfhoghlama uilíoch dar teideal 'Intreoir do Thús Áite do Leanaí'. Scríobhadh an clár chun tacú le daoine de gach cúlra agus taithí maidir le himní faoi leanaí a aithint agus imní dá leithéid a thuairisciú má thagann siad chun cinn

> **Modúl Ríomhfhoghlama Daoine Sainordaithe:** Tá modúl ríomhfhoghlama forbartha ag TUSLA do dhaoine sainordaithe. Soláthraíonn sé faisnéis agus tuiscint ar ról agus ar fhreagrachtaí daoine sainordaithe mar atá leagtha amach san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

> **Faisnéisiú Duine Idirchaidrimh Ainmnithe:** Soláthraíonn an oiliúint seo eolas agus tuiscint don DIA ar ról agus ar fhreagrachtaí daoine idirchaidrimh ainmnithe.

Tá tuilleadh eolais ar na tacaíochtaí a sholáthraíonn TUSLA ar fáil ar www.tusla.ie

## Aguisín 6: Dearbhú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, Beartais agus Nósanna Imeachta

| | |
|---|---|
| **Ainm (bloclitreacha):** | |
| **Dáta Breithe:** | |
| **Seoladh:** | |
| | |
| **Uimhir ghutháin:** | |
| **Suíomh oibre:** | |
| **Teideal Oibre:** | |

Fuair mé cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí/Measúnaithe Riosca agus Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Léigh mé na sonraí sa bheartas agus sna nósanna imeachta,tuigim iad agus toillim do na treoirlínte maidir leis na nósanna imeachta agus cleachtais atá iontu a leanúint.

**Sínithe:** ________________________________

**Ainm bhall foirne:** ________________________________

**Dáta:** ________________________________

# Aguisín 7: Foirm Thuairisce ar Thimpiste/Eachtra

<table>
<tr><td colspan="2">Ainm:</td><td colspan="2">Dáta Breithe:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Seoladh:</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Áit ar tharla an timpiste/eachtra</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Dáta na timpiste/na heachtra:</td><td colspan="2">Am na timpiste/na heachtra</td></tr>
<tr><td colspan="4">Cuntas ar an timpiste/eachtra (an cineál gortaithe):</td></tr>
<tr><td colspan="4">Údar na timpiste/na heachtra (más eol):</td></tr>
<tr><td colspan="2">Cé a bhí i láthair nuair a tharla an timpiste/eachtra?</td><td colspan="2">Ainmneacha na ndaoine a chonaic an timpiste/eachtra?</td></tr>
<tr><td colspan="4">Céard iad na céimeanna a tógadh? Cén cóir leighis a tugadh nó gníomh a rinneadh?</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ar cuireadh an Tuismitheoir/Caomhnóir ar an eolas?<br>Cuireadh □ Níor cuireadh □</td><td colspan="2">Ar cuireadh EnG ar an eolas?<br>Cuireadh □ Níor cuireadh □</td></tr>
<tr><td>Ar cuireadh fios ar an dochtúir?<br>Cuireadh □<br>Níor cuireadh □</td><td colspan="2">Ar cuireadh fios ar an Otharcharr<br>Cuireadh □<br>Níor cuireadh □</td><td>Ar tugadh an leanbh/duine óg chuig Ospidéal<br>Tugadh □<br>Níor tugadh □</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tuairimí nó aon ghníomh</td><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">Measúnú riosca déanta</td><td colspan="2">Tá □ Níl □</td></tr>
</table>

Síniú: ______________________________ Dáta: ____/____/___An Tuairisceoir

**Síniú an Tuismitheora/an Chaomhnóra__________________ Dáta:_____/_____/______**

## Aguisín 8: Ábhair an Bhosca Gharchabhraigh

| Ábhair | Ábhair an Bhosca Gharchabhraigh | | |
|---|---|---|---|
| | **1-5 leanbh** | **6-25 leanbh** | **26-50 leanbh** |
| **Greimlíní hiopailléirgineacha** | 12 | 20 | 20 |
| **Púicíní steiriúla súl (le bindealán greamaithe leo)** (Uimh. 16) | 2 | 2 | 4 |
| **Bindealáin thriantánacha i mbeartáin aonair** | 3 | 6 | 6 |
| **Bioráin shábhála** | 6 | 6 | 6 |
| **Cóiriúcháin steiriúla chréachta gan íocleasú, i mbeartáin aonair** (Uimh. 8) (10 x 8 cm) | 2 | 2 | 4 |
| **Cóiriúcháin steiriúla chréachta gan íocleasú, i mbeartáin aonair** (Uimh. 9) (13 x 9 cm) | 2 | 6 | 8 |
| **Cóiriúcháin steiriúla chréachta neamhghreamaitheacha gan íocleasú, i mbeartáin aonair** (Uimh. 3)( 28 x 17.5 cm) | 2 | 3 | 4 |
| **Ciarsúir antaiseipteacha i mbeartáin aonair** | 10 | 20 | 40 |
| **Deimheas paraimhíochaineora** | 1 | 1 | 1 |
| **Lámhainní laitéise – laitéis gan púdar nó lámhainní Nitril (gan laitéis)** | bosca amháin 5 | bosca amháin 10 | bosca amháin 10 |
| **Uiscealach steiriúil súl freisin, mura bhfuil aon uisce reatha ann** 2 x 20ml | 2 x500ml | 2 x500ml | 2 x500ml |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Masc aghaidh póca** | 1 | 1 | 1 |
| **Cóiriú dónna uisce bhunaithe beag (10 x 10 cm)** | 1 | 1 | 1 |
| **Cóiriú dónna uiscebhunach mór** | 1 | 1 | 1 |
| **Bindealán Síprise (7cm)** | 1 | 2 | 3 |
| | | | |

## Aguisín 9: Foirm Ghearáin

| | |
|---|---|
| Ainm an ionaid | |
| Seoladh | |
| Céard é cúlra an ghearáin? | |
| An lá agus an t-am ar cuireadh tuairisc ar fáil d'EnG | |
| Ainm an té a bhfuil an gearán déanta ina choinne | |
| An chéad chéim eile atá le glacadh | |
| Síniú an Ghearánaí | |
| Síniú | |
| Síniú thar ceann Ealaín na Gaeltachta | |
| Dáta | |

## Aguisín 10: Foirm Riosca a aithint

**Riosca a aithint le déanamh go rialta**

Is éard is riosca ann ná rud ar bith ar féidir leis dochar a dhéanamh, aon seans mór nó beag go bhféadfaí duine éigin a ghortú, nó díobháil a dhéanamh dóibh, de bharr an riosca sin.

Cuimhnigh ar aon bhaol a d'fhéadfadh a bheith i gceist ó lá go lá san ionad, taobh istigh agus/nó taobh amuigh, agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an eagraíocht.

- **Na daoine a bhféadfaí a ghortú** agus an chaoi a dtarlódh sé a aithint. Cuimhnigh ar na grúpaí daoine sin a bhfuil riosca ag baint leo agus na bealaí a d'fhéadfaí dochar a dhéanamh dóibh
- **An riosca a mheas**. Anois agus gach príomhbhaol aitheanta agat, déan staidéar orthu go bhfeicfidh tú cén saghas dochair a d'fhéadfadh titim amach mar gheall ar gach ceann acu
- **Réiteach a shocrú**. Déan cinnte go bhfuil pleananna leanúnacha ann agus go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm chun déileáil le haon riosca a thagann chun solais. Má bhíonn imeachtaí/gníomhaíochtaí nua i gceist, tá sé tábhachtach measúnú riosca a dhéanamh orthu agus iad a chur sa phlean freisin
- **Taifead a dhéanamh de na cinntí.** Ba cheart a chur i scríbhinn cén réiteach/socrú atá leagtha amach ag na cinnirí chun an baol a laghdú
- **Athbhreithniú**. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar an bpróiseas, ba chóir na ceisteanna seo leanas a chur san áireamh:
  - An bhfuil sé ag obair?
  - An raibh sé éifeachtach?
  - An bhfuil sé suas chun dáta?
- Athraíonn cúinsí ó am go ham, agus seans go mbeidh uasdátú le déanamh ar an measúnú riosca.

**Cuimhnigh go sonrach ar nithe ar nós:**

- Daoine óga fágtha gan duine éigin i bhfeighil nó i gceannas orthu
- Ábhair chontúirteacha (fearais ghlantacháin srl) a láimhseáil go cúramach
- An timpeallacht a bheith slán sábháilte do dhaoine óga, don fhoireann agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí
- Bí eolach ar na nósanna imeachta i gcás timpiste agus lean i gcónaí iad
- Rioscaí a aithint:

- Na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith i gceist ó lá go lá a aithint laistigh de thimpeallacht na seirbhíse, taobh istigh agus taobh amuigh, agus a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar do sheirbhís.

- Cad iad na hócáidí/cásanna a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar do sheirbhísí?

**MEASÚNÚ RIOSCA**

Ainm duine/daoine ag déanamh an Mheasúnú Riosca: ________________________

Ionad __________________________

| **Riosca Aitheanta** | **Cé atá freagrach?** | **Céard atá i bhfeidhm faoi láthair chun an riosca a bhainistiú?** | **Cé na gníomhartha a bheidh ag teastáil amach anseo?** |
|---|---|---|---|
| | Coiste/duine atá freagrach | | |
| | | | |

**Dáta: _______________________________Síniú: ______________________________**

## Aguisín 11: Dlíthe a bhaineann le Cosaint an Linbh

**AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ, 1991**

Is í seo eochair-reachtaíocht lena rialaítear beartas cúraim leanaí in Éirinn. Is faoin Acht sin a bhíonn freagracht ag TUSLA chun leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cosanta a chur chun cinn. Má fhaightear amach nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim agus cosanta, bíonn dualgas ar TUSLA chun beart iomchuí a ghlacadh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh óna dteastaíonn cúnamh chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Is san Acht um Chúram Leanaí freisin a leagtar amach an creatlach reachtúil chun leanaí a thabhairt i gcúram más gá.

**AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE A THUAIRISCÍONN MÍ-ÚSÁID LEANAÍ, 1998**

Tugtar cosaint duit leis an Acht seo má thugann tú tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe TUSLA, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó do bhaill an Gharda chomh fada agus a dhéantar an tuairisc le dea-intinn agus nach mailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe daoine údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin TUSLA chun tuairiscí faoi ábhair imní shainordaithe a fháil agus a aithint i leith linbh ó dhaoine sainordaithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo fiú má thuairiscíonn tú cás de dhrochúsáid linbh amhrasach agus mura mbíonn foras ar bith leis, caithfidh gearánaí a ghlacfadh caingean cruthúnas a thabhairt nár fheidhmigh tú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a rinne tú an tuairisc. Má dhéanann tú tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le dea-leasanna an linbh, d'fhéadfá a bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe.

Ar an liosta iomlán daoine in TUSLA agus san FSS ar oifigigh ainmnithe iad faoin Acht 1998, ar shuíomh gréasáin gach gníomhaireachta (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 2006**

Cruthaíodh cion de chur i mbaol meargánta leanaí le hAlt 176 den Acht seo. Duine a bhfuil údarás nó smacht aige/aici ar leanbh nó mí-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol d'aontoil nó go meargánta; is féidir leo an cion sin a dhéanamh ach: 1. an leanbh a chur nó a cheartú dá gcur nó dá bhfágáil i suíomh ina gcruthaítear priacal substainteach don leanbh de bheith ina íospartach den díobháil thromchúiseach nó den mhí-úsáid ghnéasach; nó 2. Mainneachtain chun céimeanna réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó bheith i mbaol mar sin agus eolas acu go bhfuil an leanbh sa chás sin.

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS UM CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOINNEÁIL SIAR), 2012**

Is faoin Acht sin ar cion coiriúil é chun faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 bliain d'aois nó i gcoinne duine leochailigh. Tagann an cion aníos mar a mbíonn a fhios ag duine nó mar a gcreideann siad go

ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó duine leochailigh, agus faisnéis acu lena gcuideofaí chun duine éigin eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú as an gcion sin, ach go mainníonn siad gan leithscéal réasúnta chun an fhaisnéis sin a nochtadh, chomh luath agus is indéanta, do bhall den Gharda Síochána. Tagann na forálacha den reachtaíocht Choinneála Siar sa bhreis ar aon riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

**NA hACHTANNA UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA), 2012-2016**

Bíonn sé éigeantach faoi na hAchtanna seo d'fhostóirí chun nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil i ndáil le duine ar bith a dhéanann saothar ábhartha le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Cruthaítear cionta agus pionóis leis na hAchtanna do dhaoine a mhainníonn chun cloí lena bhforálacha. Is sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016 a leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla ar fhostóirí i ndáil le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Gharda do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta

**AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015**

Is breiseán tábhachtach don chóras leasa agus cosanta leanaí é an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, óir go gcuideoidh sé chun a chinntiú go dtugtar ábhair imní faoi chosaint leanaí chun airde TUSLA gan mhoill. Foráiltear san Acht do thuairisciú éigeantach na n-ábhar imní faoi leas agus faoi chosaint leanaí ag eochair ghairmithe; measúnú priacail agus pleanáil chuimsitheach do bhéascna eagrúcháin láidir den chumhdach i ngach seirbhís a sholáthraítear do leanaí; foráil do chlár neamh-chomhlíonta; agus bonn taca reachtúil a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017**

Tugann an tAcht seo aghaidh ar shaothrú gnéasach leanaí agus díríonn sé orthu siúd a ghlacann páirt sa ghníomhaíocht choiriúil seo. Cruthaíonn sé cionta a bhaineann le leanaí a fháil nó a chur ar fáil chun críocha teacht i dtír gnéasach. Déanann sé cionta freisin de na cineálacha gníomhaíochta a d'fhéadfadh tarlú le linn luath-chéimeanna an phróisis chreiche roimh shaothrú iarbhír an linbh, mar shampla, teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid chun leanaí a chreiche agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh nuair atá sé i gceist leas gnéasach a bhaint as an leanbh. Aithníonn an tAcht freisin go bhfuil caidreamh piaraí faoi aois, comhthoiliúil ann nuair a thagann aon ghníomhaíocht ghnéasach laistigh de theorainneacha aoise atá sainmhínithe go docht agus nach bhfuil an gaol imeaglaithe ná dúshaothraithe.

**AN tACHT UM CHIAPADH, CUMARSÁID DHOCHRACH agus CIONTA GAOLMHARA, 2021**

Cruthaíonn an tAcht seo dhá chion nua a dhéanann coiriúlacht ar dháileadh neamhthoiliúil íomhánna pearsanta: Is cion é íomhánna pearsanta duine a thógáil, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú fiú mura bhfuil aon rún sonrach ann díobháil a dhéanamh. I measc na bpionós tá fíneáil uasta €5,000 agus/nó 12 mhí príosúnachta. Is cion é íomhánna pearsanta de dhuine a

dháileadh nó a fhoilsiú, gan toiliú agus le hintinn díobháil a dhéanamh. I measc na bpionós tá fíneáil neamhtheoranta agus/nó príosúnacht 7 mbliana. Rud atá tábhachtach, tá feidhm aige seo fiú má thug an duine toiliú ar dtús chun an grianghraf a thógáil, ach roinneadh iad ina dhiaidh sin le daoine eile gan a dtoiliú. Tá an dlí seo sa bhreis ar an reachtaíocht atá ann cheana a fhágann go bhfuil sé mídhleathach aon íomhánna, físeán nó téacs atá sainráite go gnéasach de dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois a sheoladh, a fháil nó a roinnt. Ní féidir leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois a chúiseamh ach amháin i gcion faoin Acht áirithe seo le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Mar eagraíocht, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an reachtaíocht thábhachtach seo ar do chuid polasaithe agus nósanna imeachta agus is gá iad a nuashonrú dá réir.

**AN tACHT UM FHORÉIGEAN BAILE, 2018**

Leasaíonn agus comhdhlúthaíonn an gníomh seo an dlí maidir le foréigean teaghlaigh agus tá sé ar cheann de na reachtanna dlí teaghlaigh is suntasaí a tugadh isteach le 20 bliain anuas. Beidh orduithe DVA ar fáil anois do níos mó iarratasóirí. Tá liosta nua fíricí agus cúinsí le cur san áireamh ag an gCúirt agus cinneadh á dhéanamh maidir le horduithe DVA.